Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2010

## AISTRIÚCHÁN AR SCÉIM MHARCÁLA

## GNÓ

## ARDLEIBHÉAL

**AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2010**

**GNÓ ARDLEIBHÉAL**
Scéim Mharcála

**NÓTAÍ TACAÍOCHTA**

Scéim Mharcála agus Nótaí Tacaíochta le húsáid leis an Scéim Mharcála.

Agus na nótaí tacaíochta á breithniú is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Níl na nótaí tacaíochta atá leis seo eisiach ná críochnaitheach.
- Is nótaí tacaíochta iad agus ní samhail ná freagraí atá molta iad.
- Déanfar pointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair a mharcáil agus bronnfar marcanna orthu de réir a bhfiúntais.
- Is é an comhthéacs, an tslí ina gcuirtear an cheist agus líon na marcanna a shanntar don fhreagra sa scrúdpháipéar a chinneann na mionsonraí a bheidh ag teastáil i bhfreagra ar bith. D'fhéadfadh sé, mar sin, go n-athródh na riachtanais ó bhliain go bliain.

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT GNÓ ARDLEIBHÉAL 2010

## SCÉIM MHARCÁLA

**ROINN 1 (80 Marc)**
**Ní mór an roinn seo a fhreagairt.**
**Freagair ocht gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist.**

| Ceist | Scéim | |
|---|---|---|
| 1 | (a) 4 Marc (2+2)<br>Sampla ag teastáil<br>(b) 6 Marc (3 (1+2)+3(1+2)) | 10 |
| 2 | 5 Marc (3+2) + 5 Marc (3+2) | 10 |
| 3 | (a) 6 Marc (3+3)<br>(b) 2 @ 2 Marc | 10 |
| 4 | 5 @ 2 marc | 10 |
| 5 | (a) 4 marc<br>(b) 3 @ 2 marc | 10 |
| 6 | (i) 4 marc (2+ 2)<br>(ii) 3 marc<br>(iii) 3 marc | 10 |
| 7 | (a) 5 marc (3+2)<br>(b) 5 marc (3+2)<br>Samplaí ag teastáil | 10 |
| 8 | 5 marc + 5 marc<br>(Déan idirdhealú) | 10 |
| 9 | 1@ 4 marc (2+2)<br>2 @ 3 marc (1+2) | 10 |
| 10 | (a) 7 marc (ríomh)<br>(b) 2+1 marc | 10 |
| **Roinn 1** | **Marcanna ar Fáil** | **80** |

**<u>ROINN 2</u> (80 Marc)**

**Ceist ar an nGnó Feidhmeach (Aonad 2,3 agus 4)**

**Is ceist éigeantach í seo.**
**Óstán agus Ionad Comhdhála an Chaisleáin Thiar**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | (i) Mínigh "Infhiontraí"<br><br>(ii)**Da** Buntáistí<br><br>Caithfidh baint a bheith ag na buntáistí le téacs an CGF | 5 marc (3+2)<br><br>8 marc (4+4)<br>7 marc (4+3)<br><br>(Nasc ábhartha ar leith do **gach** pointe) | 20 marc |
| **(B)** | Tionchar na hInfheistíochta sa teicneolaíocht<br><br>Caithfidh baint a bheith na buntáistí le téacs an CGF | 3 @ 10 marc an ceann (4+4+2)<br>Ainmnigh, Tionchar, Nasc<br><br>(Nasc ábhartha ar leith do **gach** tionchar) | 30 marc |
| **(C)** | Scileanna Bainistíochta<br><br>Measúnú (cé chomh sásúil/ éifeachtach i do thuairimse) | 3@ 8 marc (2+2+2+2)<br>Luaigh, Mínigh, Mínigh, Nasc<br><br>(Nasc ábhartha ar leith do **gach** scil)<br><br>6 marc nó (2+2+2) | 30 marc |
| **Roinn 1** | | **Marcanna ar Fáil** | **80 marc** |

**ROINN 3** **(240 Marc)**

**Freagair ceithre cheist as Roinn 3 mar a leanas:**
**Freagair ceist Amháin as Cuid 1, Dhá cheist as Cuid 2 agus ceist Amháin eile as Cuid 1 nó Cuid 2. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.**

## Cuid 1

**Daoine sa Ghnó**

### Ceist 1

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | (i) Tionchar reachtaíochta ar cheardchumainn<br>(ii) 2 shaghas gníomhaíochta tionsclaíche oifigiúla | **3 @ 6 marc (3 + 3)**<br>**2 @ 6 marc (3+ 3)** | **30** |
| **(B)** | (i)An Chúirt Mhionéileamh<br>(ii)Oifig an Ombudsman do na Seirbhísí Poiblí.<br>(2 phointe ar leithligh i **ngach** cás)<br><br>Measúnú/breithiúnas riachtanach i **ngach** cás | **7 marc (4+3)**<br>**7 marc (4+3)**<br><br><br>**6 marc (3+3)** | **20** |
| **(C)** | Inniúlact Conartha<br><br>Sampla ag teastáil | **5 marc**<br><br>**5 marc** | **10** |
| | **Marcanna ar Fáil** | | **60** |

**Timpeallacht Intíre/Idirnáisiúnta**

### Ceist 2

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Tréithe gnólachta a bhfuil meas ceart aige ar an timpeallacht.<br>(luaigh, mínigh agus tabhair sampla ábhartha **amháin** i ngach cás) | **4 @ 5 marc (1+ 2 + 2)** | **20** |
| **(B)** | **Cúiseanna** a n-athródh Trádálaí Aonair go Comhlacht Príobháideach Teoranta | **4 @ 5 marc (2+ 3)** | **20** |
| **(C)** | Na slite éagsúla a dtéann Rialtas na hÉireann i bhfeidhm ar an lucht saothair in Éirinn | **4 @ 5 marc (2+ 3)** | **20** |
| | **Marcanna ar Fáil** | | **60** |

| Timpeallacht Intíre/Idirnáisiúnta |
|---|

## Ceist 3

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | (i) Mínigh "Geilleagar Oscailte"<br><br>(ii) Comhardú na Trádála<br>Comhardú na hÍocaíochta<br><br>Samplaí ag teastáil | **6 marc (3+3)**<br><br>**7 marc (3+2+2)**<br>**7 marc (3+2+2)** | **20** |
| **(B)** | Conas atá **treochtaí malartacha** sa gheilleagar idirnáisiúnta tar éis dul **i bhfeidhm** ar ghnólachtaí Éireannacha. | **4 @ 5 marc (2+ 3)** | **20** |
| **(C)** | Déan plé ar an tábhacht atá ag 2 Pholasaí AE ar Éirinn<br><br>(2 phointe ar leithligh do gach Polasaí AE) | **10 marc: 5 m (2+3) + 5m(2+3)**<br>**10 marc: 5 m (2+3) + 5m(2+3)** | **20** |
| | **Marcanna ar Fáil** | | **60** |

# Cuid 2

## Fiontraíocht/Bainistíocht

### Ceist 4

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | (i) LLDB<br><br>(ii) Anailís LLDB<br><br>Ainm Gnó ag teastáil<br>4 Ceannteideal<br>**2** phointe cuí ag teastáil faoi **gach** ceannteideal | **6 marc (4+2)**<br><br>**14 marc**<br><br>**2 marc**<br><br>**4@3(2+1)marc** | **20** |
| **(B)** | Pleanáil Straitéiseach<br>Pleanáil Oirbheartaíochta<br><br>(Samplai ag teastáil (**ceann** de gach ceann) | **10 marc (4+4+2)**<br>**10 marc (4+4+2)** | **20** |
| **(C)** | Na **buntáistí** a bhaineann le sruchtúr<br>Feidhmiúil Eagrúcháin<br>Slabhra Ceannais<br>Réise Rialúcháin | **2 @ 5 marc (2+ 3)**<br><br>**5 marc (2+ 3)**<br>**5 marc (2+ 3)** | **20** |
| | **Marcanna ar Fáil** | | **60** |

## Bainistíocht

### Ceist 5

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | (i) Measúnú feidhmiúcháin<br>(ii) **Buntáistí** do **ghnólacht** | **5 marc (2+ 3)**<br>**3 @ 5 marc (2+ 3)** | **20** |
| **(B)** | 4 Cóimheas | **4 @ 5 marc**<br>**Foirmle chóimheasa**<br>**4@2marc**<br>**Ríomh4@(1+1+1)** | **20** |
| **(C)** | Geallsealbhóirí<br>(i) Infheisteoirí/scairshealbhóirí<br>(ii) Soláthraithe<br>(iii) Fostaith<br><br>**Marcanna ar Fáil** | <br>**6 marc (1+2+3)**<br>**8 marc (1+2+5)**<br>**6 marc (1+2+3)** | **20**<br><br><br><br><br>**60** |

| Bainistíocht/Gnó i nGníomh |
|---|

**Ceist 6**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Na buntáistí agus na rioscaí a bhaineann le saincheadú **mar ghléas forbartha** (ceann **ar a laghad** do gach ceann ag teastáil)<br><br>Measúnú ag teastáil | **3 @ 5 marc (2+ 3)**<br><br><br><br>**5 marc (2+ 3)** | **20** |
| **(B)** | Plean Gnó - buntáistí<br><br>Déan tagairt do **Pizza Marie** | **2 @ 4 marc (2+ 2)**<br><br>**2 marc** | **10** |
| **(C)** | (i) **3** thosca nuair atáthar ag déanamh rogha idir foinsi eagsula airgeadais.<br><br>(ii) 2 **mheánfhoinse** airgeadai (Luaigh, mínigh, mínigh) | **3 @ 5 marc (2+ 3)**<br><br>**8 marc (2+3+3)**<br>**7 marc (2+3+2)** | **30** |
| | **Marcanna ar Fáil** | | **60** |

| Gnó i nGníomh |
|---|

**Ceist 7**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Na **Cúiseanna** a ndéantar Taighde Margaíochta | **3 @ 5 marc (2+ 3)** | **15** |
| **(B)** | Tionscnamh Díolacháin<br>Caidreamh Poiblí<br>(2 phointe ar leithligh do gach modh)<br><br>Measúnú/breithiúnas do gach ceann | **7 marc (4+3)**<br>**7 marc (4+3)**<br><br><br>**6 marc (3+3)** | **20** |
| **(C)** | Na buntáistí a bhaineann le Brandáil don ghnólacht<br>Na buntáistí a bhaineann le Brandáil don tomhaltóir<br>(Tá buntáiste **amháin** ar a laghad ag teastáil do **gach** ceann)<br>Sampla amháin ag teastáil | **4 @ 5 marc (2+ 3)**<br><br><br><br><br>**5 marc (2+ 3)** | **25** |
| | **Marcanna ar Fáil** | | **60** |

# ROINN 1
## (80 marc)
# CEISTEANNA GEARRFHREAGRAÍ
## Nótaí Tacaíochta

**1.**
**Léirigh do thuiscint ar an téarma "gnólacht dúchasach".**

**(a)** Is éard is gnólacht dúchasach ann ná gnólacht atá bunaithe in Éirinn/dúchasach/áitiúil agus atá **bunaithe** agus faoi **úinéireacht/nó bainistithe** ag **muintir na hÉireann/áititheoirí**. Soláthraíonn siad earraí agus/nó soláthraíonn siad seirbhísí in Éirinn.

Tá leas pearsanta díreach ag na húinéirí Éireannacha seo i marthanas agus i bhfás an ghnólachta. Tá a Phríomháit gnó in Éirinn,
m.sh. Stira Stairs, Supermacs, Easons, Smyths Toys, Irish Times.

**(b)** Luaigh **Dhá** bhuntáiste do **Gheilleagar na hÉireann** a bhaineann le cur chun cinn gnólachtaí dúchasacha.

- **Dílseacht:** tá siad dílis agus is dóichí go bhfanfaidh siad in Éirinn, fiú le linn cúlú eacnamaíochta. Tá dílseacht acu don gheilleagar áitiúil (Tá ceangal orthu)
- **Dáileadh Brabúis:** Ath-infheistíonn siad a gcuid brabúis in Éirinn, agus caitheann siad airgead laistigh den gheilleagar.
- **Buntáistí áitiúla:** Cuidíonn siad le gnólachtaí eile ina gceantair féin agus go náisiúnta, trí amhábhar agus seirbhísí a cheannach uathu. Cruthaítear gnó/infrastruchtúr feabhsaithe mar **'**thoradh' ar sin.
- **Fiontraíocht:** Má éiríonn leo, d'fhéadfadh gnólachtaí dúchasacha fiontraithe eile a spreagadh le gnó a thosú rud a chruthaíonn cultúr forbartha tionsclaíoch/seirbhíse áitiúil.
- **Níos lú brath ar chuideachtaí trasnáisiúnta eachtrannacha:** Trí "thionscal dúchasach a dhéanann trádáil go hidirnáisiúnta" a spreagadh laghdaítear an brath atá in Éirinn ar chuideachtaí trasnáisiúnta eachtrannacha le hobair agus le saibhreas a chruthú sa gheilleagar.
- **Trádáil Eachtrach:** Tá roinnt mhaith gnólachtaí dúchasacha rannpháirteach in earnáil na seirbhísí onnmhairithe agus dá réir sin feabhsaítear Cóimheá Íocaíochtaí na hÉireann.
- **Fostaíocht:** Is minic go mbíonn siad níos déine ó thaobh saothair ná na cuideachtaí trasnáisiúnta agus d'fhéadfadh fostaíocht a bheith níos seasmhaí ná an fhostaíocht a chuireann na cuideachtaí trasnáisiúnta ar fáil.
- **Cánachas:** Foinse ioncaim don Rialtas trí CBL, Cáin Chorparáide srl

**2. Déan idirdhealú idir "forbairt fréamhshamhla" agus "margaíocht tástála" mar chéimeanna i bpróiseas forbartha táirge nua.**

Is ionann **forbairt fréamhshamhla** cruthú an **chéad samhail oibre/samhail chleachtadh/sampla** de tháirge nua/nuashonrú a tháirgeadh/feabhas a chur ar tháirge atá ann cheana.Is í an tsraith seo an t-aon mhodh atá ann leis an dearadh bunaidh a bheachtú le táirge atá feidhmíonn go hiomlán a chruthú.

Is triail ar bhonn beag atá sa **mhargaíocht tástála** le linn forbairt an táirge lena dhéanamh amach cén bealach ina bhfreagraíonn/a bhfrithghníomhaíonn daoine do tháirge nua, nó an bealach a bhfreagraíonn/a bhfrithghníomhaíonn siad d'athrú ar tháirge atá ann cheana.

Is féidir úsáid a bhaint as lena fháil amach cibé an gceannóidh nó nach gceannóidh an pobal an táirge nua, ar an mbealach ina bhféadfadh sé go mbeadh an táirge le cur in oiriúint lena dhéanamh mealltach don phobal, agus ar an mbealach ina n-idirghníomhaíonn daoine sa phobal leis an táirge.

**3. (a) Mínigh cad a chiallaíonn an téarma "Ráta malairte".**

Is éard is ráta malairte ann ná an **praghas** ag ar féidir airgeadra **a mhalartú le hairgeadra eile**, m.sh. **praghas/luach** an airgeadra í dtír amháin **i dtéarmaí airgeadra tíre eile**.

**(b)** **(i)** Má thagann ardú ar luach an euro i gcomhréir les an bPunt Steirling beidh onnmhairithe na hÉireann chun an Ríocht Aontaithe níos costasaí/ní bheidh siad chomh hiomaíoch/beidh na corrlaigh brabúis níos ísle.
Beidh sé níos costasaí ar chustaiméirí ón Ríocht Aontaithe mairteoil na hÉireann nó earraí Éireannacha eile a cheannach má thagann ardú ar luach an euro i gcoimhréir leis an bpunt steirling.
Mar thoradh ar sin tiocfaidh titim ar dhíolacháin leis an Ríocht Aontaithe/ tiocfaidh laghdú ar onnmhairithe ó Éirinn.
D'fheadfadh sé go gcaillfidh poist / d'fhéadfadh sé go ndúnfaí an gnólacht/iomarcaiocht san gnolacht onnmhairithe.

.

**(ii)** Amhábhair/ionchuir níos saoire agus laghdú i gcostais ghnó do ghnólachtaí onnmhairithe na hÉireann mar a d'fhéadfadh a bheith ag brath ar allmhairithe amhábhar eachtrach.

**(iii)** D'fhéadfadh sé go mbeadh ar onnmhaireoirí margaí/onnmhairiú a athrú chuig tíortha AE eile.

**4.**

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|
| F | A | D | C | B |

5. **Airteagail Chomhlachais**

(a)
Is iad na hAirteagail Chomhlachais **'leabhar na rialacha' inmheánach/rialacha/rialacháin inmheánacha** nach mór do gach **gnólacht corpraithe a bheith acu** agus oibriú dá réir. Leagan siad amach na rialacha agus na rialacháin trína rialaítear an obair inmheánach faoina bhfeidhmeoidh comhlacht agus a chaidreamh lena cuid scairshealbhóirí.

**(b)**

**(i)** **Caipiteal:** Méid scairchaipitil/Na cineálacha difriúla scaireanna.

**(ii)** **Rialacháin maidir le Cruinnithe:** Nósanna imeachta ag cruinnithe comhlachta/Nós Imeachta/Fógra maidir le cruinnithe cuideachta a thionól srl.

**(iii)** **Stiúrthóirí:** Cumhachtaí agus dualgais stiúrthóirí/Nósanna imeachta/rialacha le stiúrthóirí a cheapadh agus a chur as oifig.

**(iv)** **Scaireanna:** Cearta vótála, Eisiúint scaireanna, Aistriú scaireanna.

**(v)** **Díbhinní**: Dearbhú Díbhinní, Dáileadh brabúis.

**6.** **(i)** **An pointe meá ar mheá in aonaid – 4,000 aonad**

**An pointe meá ar mheá i euro - €40,000**

**(ii)** **An brabús ar dhíolacháin tuartha - €30,000**

**(iii)** **Lamháil Sábháilteachta – 6,000 aonad**

**7.** **Léirigh an difríocht atá idir na prionsabail árachais (i) Leas Inárachais agus (ii) Slánaíocht.**

**(a)** Ní mór don sealbhóir polasaí leas a bhaint as an rud a bheith ann ar bhonn leanúnach agus fulaingt mar gheall ar chailliúint. Tá leas inárachais/pearsanta sa mhaoin ag úinéara na maoine. Is trí luach airgeadaíochta (airgid) a chinntear an leas inárachais.

**Sampla:** Tá leas inárachais ag gach duine i ndáil lena seilbh phearsanta féin, m.sh. teach, ach de ghnáth ní bheadh leas inárachais ag do chomharsa béal dorais i do theach.

**(b)** Slánaíonn árachóir an duine a cheannaíonn an t-árachas in aghaidh caillteanais a tharlódh. Ní féidir le haon bhrabús a bheith ann ó árachas, ní féidir a bheith ann ach amháin gnóthú ón gcaillteanas iarbhír. Is ar mhaithe le hathshuíomh na maoine iarbhír árachaithe atá an conradh, m.sh. leis an éilitheoir a chur sa staid airgeadais chéanna, chomh fada agus is féidir, agus a bhí roimh na timpiste nó an chaillteanais.

**Sampla:** Díscríobhtar i dtimpiste carr atá 3 bliana d'aois agus atá faoi árachas de €15,000, ach ag a bhfuil luach margaidh de €10,000. Is é an cúiteamh uasta don chaillteanas ná €10,000.

**8. Bacainní saorthrádála.**

**Cuóta: Is ionann cuóta agus srian/teorainn phearsanta ar líon aonaid earra** ar féidir a allmhairiú/aonnmhairiú.
Ni spreagann cuótaí allmhairithe agus/nó spreagann siad díolacháin earraí a tháirgtear sa bhaile.

**Taraif:** Is seo **cáin** ar **luach/praghas** na n-earraí allmhairithe.
Mar thoradh ar sin beidh allmhairithe níos costasaí agus ní bheidh siad chomh hiomaíoch ar an margadh baile.

**9. Bonn le dífhostú cóir.**

**(i)** **Neamhinniúlacht ó thaobh an fhostaí de.** Níl sé de chumas ag an bhfostaí a chuid dualgais a chomhlíonadh (feidhmíocht lag ó thaobh oibre de; neamhchomhlíonadh spriocanna atá leagtha síos).
**(ii)** **Cáilíochtaí (mífhaisnéis ó thaobh an fhostaí de).** Easpa cáilíochtaí gairmiúla nó theicniúil foirmiúil mar is cuí don obair lenar fostaíodh an fostaí lena déanamh/míthreoir i ndáil le cáilíochtaí a thabhairt don fhostóir.
**(iii)** **Mí-iompar ó thaobh an fhostaí** Iompar míchuí/iompar nach féidir glacadh leis ó thaobh an fhostaí m.sh. goid, mí-úsáid substaintí, foréigean ag an obair.
**(iv)** **Iomarcaíocht**. Mar gheall ar dhúnadh, iomaíocht, éileamh ag dul i laghad, ciorruithe (nósanna imeachta cothroma curtha i bhfeidhm).

**(v)** **Éagumas**, tagraíonn éagumas de fhreastal an fhostaí, m.sh. a bheith déanach ar bhonn seasmhach, neamhláithreacht nó saoire breoiteachta fada.

**(vi)** **Cúiseanna Dlíthiúla** Dá mba rud é go mbrisfí an dlí ar bhealach éigin á leanfaí leis an bpost, m.sh. má théann víosa oibre an fhostaí in éag srl.

**10 (a)**

| | | |
|---|---|---|
| Ollphá | | 50,000 |
| 36,400 Cáin gearrtha ag 20% | 7280 (1) | |
| (1)13,600 Cáin gearrtha ag 41% | 5576 (1) | |
| Cáin Chomhlán | 12856 (1) | |
| Lúide Creidmheasanna | 6000 (1) | |
| Cáin Iníoctha | | 6,856 (1) |
| Glanphá | | 43,144 (1) |

**(b) Creidmheasanna Cánach**

Creidmheas Cánach Pearsanta (singil, pósta, baintreach)
Creidmheas Cánach ÍMAT
Creidmheas Cánach a bhaineann le haois
Leanbh Éagumasaithe
Gaol Cleithiúnach
Duine Dall srl.

# Roinn 2
## (80 marc)

### Ceist ar an nGnó Feidhmeach (Aonad 2,3 agus 4)

### Is ceist éigeantach í seo

### Óstán agus Ionad Comhdhála an Chaisleáin Thiar

**(A) (i) Mínigh an téarma 'infhiontraí'.**

Bíonn **infhiontraí** rannpháirteach **i ngníomhaíocht fiontraíochta**/tugann sé smaointe nua chun cinn **laistigh den ghnólacht** ina bhfuil sé/sí fostaithe. Teastaíonn saoirse agus acmhainní ó infhiontraithe (daonna agus caipiteal) chun leanúint lena gcuid smaointe.

**(A) (ii) Léirigh, ag baint úsáide as samplaí ón téacs thuas conas a theann infhiontraíocht chun sochair Óstán agus Ionad Comhdhála an Chaisleáin Thiar.**

Áirítear ar **Buntáistí** na hinfhiontraíochta d'Óstán agus d'Ionad Comhdhála an Chaisleáin Thiar:

**1**. *Le déanaí, ainmníodh Dylan Jones, an Príomh-Chócaire, mar "Fostaí na Míosa", toisc gur thug sé isteach biachlár 'Beir leat do Lón', atá tar éis díolacháin na lón laethúil a mhéadú.*

**Táirgí Nua/Margaí Aitheanta**
Déantar forbairt ar tháirgí/seirbhísí nua mar thoradh ar an infhiontraíocht. Bíonn infhiontraithe ina laochra chomh fada is a bhaineann sé le hathrú, lorgaíonn siad bealaí nua de shíor leis an ngnó a fhás agus a leathnú, leis an bpróiseas gnó nó an táirge a fheabhsú don ghnólacht ina bhfuil siad fostaithe. Tá forbairt táirge agus margadh nua thar a bheith tábhachtach le **hinmharthanacht leanúnach** aon/gach gnólacht a chinntiú.

**2.** *Chomh maith leis sin, tá scéim dheonach moltaí forbartha aici (Judy Ní Bhriain) agus spreagtar an fhoireann le smaointe nuálacha a chuirfeadh feabhas ar chúrsaí a nochtadh, agus bronntar luach saothair orthu.*

**Fás Gnólachta/rathúlacht/brabúsacht**
Cuireann foireann le fás agus le rathúlacht an ghnólachta in imeacht na mblianta trína gcuid dílseachta agus a n-obair chrua, agus tugtar go leor nósanna imeachta nua isteach sa ghnólacht mar thoradh ar sin.

**3.** *Rinne an Bainisteoir Margaíochta, Pat Butler, athdhearadh ar an láithreán gréasáin ionas gur féidir áit a chur in áirithe ar líne, agus soláthraíonn sé seo bunachar sonraí custaiméirí freisin.*

**Ciallaíonn na smaointe éagsúla a tugadh isteach go raibh breis táirgiúlachta sa ghnólacht. Bhí níos mó brabúsachta sa ghnólacht mar thoradh ar an líon mór smaointe nua agus ar na bearta a tugadh isteach le costais a ghearradh.**

Ciallóidh an córas áirithinte ar líne go mbeidh costais riaracháin níos ísle, de réir mar a chomhlánóidh custaiméirí a gcuid áirithintí féin ar líne, agus tiocfaidh ardú ar chorrlaigh brabúis an ghnólachta (beidh níos lú pearsanra riachtanach srl.).

**4.** *Baineann Judy Ní Bhriain, an Bainisteoir Cúnta, úsáid as inlíon an óstáin chun tuarascáil nua a thabhairt do gach ball den fhoireann in aghaidh na seachtaine ar fheidhmíocht an óstáin.*

**Áit oibre níos taitneamhaí/tallann intí a chothú le nuálaíocht a chur chun cinn.**
Nuair a chuirtear deis le dul i mbun na hinfhiontraíochta ar fáil don fhoireann, go ginearálta, bíonn siad níos táirgiúla, níos sona agus níos lánsásta ina gcuid oibre. Baineann siad sult as agus bíonn siad tiomanta i leith a gcuid oibre. Tá spreagthacht níos mó agus caidreamh tionsclaíoch feabhsaithe i gceist rud a shábhálann am agus airgead don ghnólacht.

**(B) Déan plé ar an tionchar atá ag an infheistíocht sa teicneolaíocht ar Óstán agus Ionad Comhdhála an Chaisleáin Thiar. Déan tagairt don téacs thuas i do fhreagra.**

Áirítear i measc na tionchaire ón infheistíocht sa teicneolaíocht:

**1. Margaíocht/Taighde Margaidh/Fógraíocht**

Baineann go leor lucht gnó úsáid as an idirlíon anois le margaíocht a dhéanamh ar a gcuid earraí agus ar a gcuid seirbhísí. Is féidir teagmháil a dhéanamh le líon mór custaiméirí a d'fhéadfadh a bheith ann ar chostas íseal trí láithreán gréasán a chruthú. Cuireann sé deis ar fáil d'fhógraíocht dhomhanda agus is féidir teagmháil a dhéanamh le margaí ar fud an domhain.

- Is féidir úsáid a bhaint as an láithreán gréasáin le **saoráidí,** seirbhísí agus tairiscintí speisialta atá ar fáil **a chur chun cinn** do lucht féachana **domhanda** (sa bhaile agus thar lear).
- Tá áirithint ar líne níos éasca agus níos áisiúla do chustaiméirí.
- Is féidir úsáid a bhaint as **Bunachair Shonraí** custaiméirí chun críocha taighde margaidh. Is féidir úsáid a bhaint as an idirlíon ar mhaithe le taighde margaidh phríomhúil agus tánaisteach araon.

**Nasc leis an Téacs:**
*Rinne an Bainisteoir Margaíochta, Pat Butler, athdhearadh ar an láithreán gréasáin ionas gur féidir áit a chur in áirithe ar líne, agus soláthraíonn sé seo bunachar sonraí custaiméirí freisin.*

## 2. Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

- Cuireann an TFC deiseanna ar fáil i ndáil le cumarsáid láithreach, go hinmheánach agus go seachtrach araon. Is féidir ríomhairí glúine, fóin phóca agus ríomhphost a chur ar fáil d'fhoireann.
- Is féidir úsáid a bhaint as an idirlíon/inlíon le cumarsáid a dhéanamh le custaiméirí, le soláthraithe agus leis an bhfoireann.

- D'fhéadfadh cliaint chorparáideacha atá i mbun eagraithe ar chruinnithe gnó seachtracha úsáid a bhaint as físchomhdháil agus as fuaimchomhdháil.

**Nasc leis an Téacs:**
*Tá fáil ar Wi-Fi (rochtain idirlín) saor in aisce ar fud an óstáin, fad is atá na háiseanna fís agus fuaim-chomhdhála is déanaí i bhfearas san Ionad Comhdhála.*
*Nó*
*..tuarascáil nua a thabhairt do gach ball den fhoireann in aghaidh na seachtaine ar fheidhmíocht an óstáin, trí úsáid a bhaint as inlíon an óstáin.*

## 3. Ríomhghnó/Éifeachtúlachtaí Oibríochta

Trí úsáid a bhaint as an idirlíon is féidir roinnt mhaith feidhmeanna gnó a dhéanamh m.sh. EDI, trínar féidir stoic a ordú go huathoibríoch ó sholáthraithe nuair a théann soláthairtí faoi bhun leibhéal áirithe. (m.sh. ag ordú stoc ar líne) seachnaítear rith amach as stoc, agus coinnítear ordú stoic agus costais coimeádta stoic chomh híseal agus is féidir.
Beidh ar chumas custaiméirí áirithint a dhéanamh ar líne (m.sh. íocaíochtaí ar líne) agus is féidir áirithintí cárta creidmheasa a thógáil ar an teileafón.

**Nasc leis an Téacs:**
*Baintear leas as an teicneolaíocht i ngnóthaí laethúla an óstáin freisin, idir ordú stoic agus bhainistiú chuntais an óstáin.*

## 4. Buntáiste Iomaíoch

Cuireann fáil a bheith ar theicneolaíocht atá cothrom le dáta sa ghnólacht ar a chumas a bheith níos iomaíche ná gnólacht dá shamhail. D'fhéadfadh cliaint gnólacht a roghnú a dhéanamh ar óstáin atá níos faide chun cinn sa teicneolaíocht.

**Nasc leis an Téacs:**
*Tá fáil ar Wi-Fi (rochtain idirlín) saor in aisce ar fud an óstáin, fad is atá na háiseanna fís agus fuaim-chomhdhála is déanaí i bhfearas san Ionad Comhdhála*
.

## 5. Oiliúint/Soláthar Foirne/Caidreamh Tionsclaíoch

Tá oiliúint foirne leanúnach riachtanach lena chinntiú go bhfaigheann fostaithe agus an bhainistíocht eolas agus scileanna atá cothrom le dáta nuair a thugtar isteach teicneolaíocht le

déileáil le tascanna laethúla. D'fhéadfaí oiliúint a chur ar fáil ag an obair nó lasmuigh den láthair oibre. Ciallaíonn sé sin costais leanúnach do ghnólacht.

**Nasc leis an Téacs:**

*Baintear leas as an teicneolaíocht i ngnóthaí laethúla an óstáin freisin, idir ordú stoic agus bhainistiú chuntais an óstáin.*

**6. Seirbhís do Chustaiméirí**

Beidh seirbhísí níos fearr/níos éifeachtúla ar fáil do chustaiméirí mar thoradh ar an teicneolaíocht. Tugann láithreáin ghréasáin deis le háirithintí/cur in áirithe óstáin a dhéanamh ó gach uile áit ar fud an domhain ag aon am/tugann sé solúbthacht níos mó do chustaiméirí/freagairtí níos tapúla (ríomhphost)/ luach níos fearr ar airgead. Is féidir seirbhís thacaíochta ar líne a chur ar fáil do chustaiméirí, m.sh. ag freagairt d'údair imní nó fiosrúcháin.

**Nasc leis an Téacs:**

*………..athdhearadh ar an láithreán gréasáin ionas gur féidir áit a chur in áirithe ar líne.*
*nó*
*Tá fáil ar Wi-Fi (rochtain idirlín) saor in aisce ar fud an óstáin.*

**TABHAIR AR AIRD: Teastaíonn Nasc DIFRIÚIL/AR LEITHLIGH do gach pointe a dhéantar laistigh de chuid (B).**

**(C) Déan measúnú ar conas is féidir le Máire a scileanna bainistíochta a úsáid chun rath a hóstáin a chinntiú sa todhchaí. Déan tagairt don téacs thuas i do fhreagra.**

**Ceannaireacht**

Ciallaíonn ceannaireacht treoir agus cuidiú a thabhairt do dhaoine lena chinntiú go ndéantar an obair go héifeachtach ionas gur féidir freastal ar chuspóirí.
Tugann ceannaireacht deis don duine aonair tionchar dearfach a bheith acu ar an mbealach ina n-iompraíonn daoine eile iad féin ionas go gcuirfidh siad go deonach le baint amach spriocanna grúpa.

- Is **ceannaire daonlathach** í Máire, a ghlacann le **cur chuige daonlathach agus éascaitheach i leith bainistiú.** Baineann sí leas as **cur chuige teagmhálach** maidir le reáchtáil an ghnólachta agus déanann sí **freagracht a tharmligean**, nuair is cuí. Ní ghlacann sí le cinntí go mbíonn siad pléite leis an bhfoireann agus leis na custaiméirí ar dtús aici. Déanann ceannairí daonlathacha iarracht a theacht ar réitigh roinnte.

- **Spreagann** ceannaireacht mhaith **cultúr fiontraíochta** laistigh den ghnólacht. Bíonn deiseanna ar fáil don fhoireann le moltaí maidir le feabhsúchán a chur chun cinn.

**Spreagtar** na **moltaí** sin **go gníomhach, tugtar luach saothair ina leith agus tugtar aitheantas dóibh.**

- Tarmligean ceannairí maithe. Baineann **tarmligean** le **húdarás agus freagracht a shannadh** do dhuine eile, go ginearálta **ó bhainisteoir go híochtaránach**, chun **tionscadal nó tasc oibre sonrach** a dhéanamh. Ciallaíonn tarmligean go mbíonn **fostaithe níos inspreagtha** agus bíonn meanma foirne níos fearr. Ba chóir go bhfeabhsódh sé **cothromaíocht oibre is saoil** an cheannaire.

**Nasc leis an Téacs:**

***……..*** *In ainneoin na n-uaireanta fada a oibríonn sí, tá sí freisin ina* ***huachtarán*** *ar an gComhlachas Tráchtála áitiúil.*

*Nó*

*.........**spreagtar** an fhoireann le **smaointe nuálacha** a chuirfeadh feabhas ar chúrsaí a nochtadh, bronntar luach saothair as sin a dhéanamh.*

*Nó*

*......D'athdhearbhaigh an Bainisteoir Margaíochta, Pádraig de Buitléir, an láithreán gréasáin*

*Nó*

*.......Cuireann Judy Ní Bhriain, an Bainisteoir Cúnta, tuarascáil ar fáil do gach ball den fhoireann in aghaidh na seachtaine ar fheidhmíocht an óstáin.*

**Cumarsáid**

Baineann cumarsáid le daoine a bheith ag malartú eolais chun a chéile a thuiscint níos fearr. Ba chóir cleachtais oibre nua agus cleachtais oibre athraithe a dhéanamh i gcomhchomhairle leis an bhfoireann - tugann comhchomhairle le tuiscint go bhfuil cumarsáid dhébhealaigh maith ann.

- Déanann **Máire Cullen cumarsáid ar bhonn rialta** leis an bhfoireann, agus spreagann sí an fhoireann go gníomhach le moltaí maidir le feabhsúcháin a nochtadh, agus bronntar luach saothair orthu as sin a dhéanamh.

- Tá meas aici ar a foireann, agus tugann sí aitheantas as an méid atá curtha acu leis an ngnólacht. **Spreagann sí aiseolas** ón fhoireann agus ó na custaiméirí. Tugann sé sin an deis le réiteach a dhéanamh go tapa ar aon éiginnteacht nó míthuiscintí. Ceadaíonn an **ICT atá chun cinn** do chumarsáid a bheith éifeachtach, mear agus cruinn.

**Nasc leis an Téacs:**

*Tá an Bainisteoir Cúnta freagrach as **tuarascáil** a thabhairt do gach ball den fhoireann **in aghaidh na seachtaine**.*

*Nó*

*Is féidir í a fheiceáil gach lá ag siúl timpeall an óstáin, í ag caint leis an bhfoireann agus le custaiméirí, ag fáil **aiseolais***

**Inspreagadh**

Baineann inspreagadh le fachtóirí a bheith ann sa chaoir go n-iompraíonn daoine iad féin ar bhealaí áirithe. D'fhéadfaí tionchar a bheith ar iompar daoine trína n-inspreagadh le freastal ar riachtanais atá acu atá míshásúil. Is ionann inspreagadh fostaithe agus an eochair le torthaí iontacha a bhaint amach.

- **Teoiric Inspreagtha Maslow/Teoiric X agus Teoiric** Y Mc Gregor

- Tá an fhoireann in Óstán an Chaisleáin Thiar **inspreagtha**, thar a bheith cuiditheach agus cairdiúil. Chonaic siad an gnólacht ag leathnú agus tá taithí acu ar athrú le 16 bliain anuas. Tá clú agus cáil ar an óstán. Tá **suim acu oibriú go crua** agus tá leibhéil arda tiomantais acu. Baineann siad sásamh iontach as a gcuid oibre. **Tá timpeallacht oibre dearfach ann.**

- Tá na fostaithe **cumhachtaithe** agus tugtar meoin iontach sástachta dóibh, trí spreagadh gníomhach, aitheantas agus **luach saothair** mar gheall ar chruthaitheacht agus ar thionscnaíocht foirne. Tá líon **tionscnaimh foirne** tugtha isteach mar thoradh ar sin agus tá buntáiste á fháil ag an ngnólacht astu sin.

**Nasc leis an Téacs:**

*Sna léirmheasanna neamhspleácha a dhéantar ar líne ar an óstán, moltar foireann an óstáin go leanúnach as bheith an-chabhrach agus an-chairdiúil.*

*Nó*

*Spreagtar an fhoireann le moltaí maidir le feabhsúcháin a nochtadh agus bronntar luach saothair orthu as sin a dhéanamh.*

*Nó*

*ainmníodh Dylan Jones, an Príomh-Chócaire, mar "Fostaí na Míosa", toisc gur thug sé isteach biachlár 'Beir leat do Lón', atá tar éis díolacháin na lón laethúil a mhéadú.*

**Measúnú**

Cumarsáid

- Tá infheistíocht mhór déanta ag an óstán san infrastruchtúr ICT a sholáthraíonn agus a thacaíonn le roinnt mhaith deiseanna maidir le hathrú. Tá Máire agus a foireann i riocht maith leis na hathruithe atá riachtanach a dhearadh agus a chur i bhfeidhm le hinmharthanacht agus le rathúlacht leanúnach Óstán agus Ionad Comhdhála an Chaisleáin Thiar a dhaingniú. Tá córas éifeachtach cumarsáide idir an bhainistíocht, an fhoireann, na custaiméirí agus na soláthraithe.

Ceannaireacht:

- Is ceannaire éifeachtach agus rathúil í Máire, a bhfuil úsáid bainte aici as a cuid scileanna ceannaireachta le hatmaisféar gnó a chothú a thacaíonn le fiontraíocht. Bhain an Príomh-Chócaire, an Bainisteoir Margaíochta agus an Bainisteoir Cúnta úsáid as a dtionscnamh féin le feabhsúcháin a thabhairt isteach sa ghnólacht. Spreagtar cruthaitheacht foirne go gníomhach agus tugtar luach saothair as, agus cuirtear an tsaoirse agus na hacmhainní atá riachtanach (daonna agus caipiteal) ar fáil dóibh chun leanúint lena gcuid smaointe.

Inspreagadh

- Tá cothú déanta ag an gcultúr fiontraíochta atá in Óstán agus in Ionad Comhdhála an Chaisleáin Thiar ar dhílseacht i measc na foirne. Oibríonn an fhoireann go crua agus tá siad tiomanta ar sheirbhís ghairmiúil agus pearsanta a chur ar fáil do gach cliaint. Tá siad aitheanta mar gheall ar a nádúr cairdiúil agus cuiditheach, agus tá athruithe agus tionscnaimh éagsúla tugtha isteach acu agus tá buntáiste a fháil ag an ngnólacht

# ROINN 3
**(240 marc)**

**Freagair <u>ceithre</u> cheist as Roinn 3 mar a leanas::**
**Freagair ceist <u>amháin</u> as Cuid 1, <u>Dhá</u> cheist as Cuid 2 agus ceist <u>amháin</u> eile as Cuid 1 nó Cuid 2. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.**

# Cuid 1

## (Nótaí Tacaíochta)

### Ceist 1

**(A) (i) Tabhair breac-chuntas ar an tionchar atá ag príomhfhorálacha an Achta Caidrimh Thionscail, 1990 ar cheardchumainn**

Na príomhfhorálacha (Aon trí cinn ag teastáil):

1. Sainmhíníonn an **tAcht Caidrimh Thionscail, 1990 Aighneas Ceirde** mar 'aon aighneas idir fostóirí agus oibrithe atá bainteach le fostaíocht nó neamhfhostaíocht, nó le téarmaí nó coinníollacha fostaíochta, aon duine'.
D'fhéadfadh na saincheisteanna seo a leanas a bheith ina gcúis le haighneas ceirde dlisteanach : dífhostú, beartas fostaíochta, raon dualgais, comhaltas ceardchumainn, pá agus coinníollacha, sláinte agus sábháilteacht ag an obair.

2. **Rúnbhallóid**

Faoi fhorálacha an **Achta Caidrimh Thionscail, 1990**, ní féidir stailc nó gníomh tionscail eile a eagrú gan rúnbhallóid. Tugtar deis chothrom vótála do na comhaltaí ar fad.
Forálann an t-acht freisin nach ndéanfaidh an cumann gníomh tionscail a eagrú ná páirt a ghlacadh ann gan tromlach na vótaí a bheith caite i bhfabhar gníomh tionscail.
Ní mór don chumann torthaí an rúnbhallóid a chur in iúl do na comhaltaí (a bhí i dteideal vótáil) chomh luaithe is indeánta tar éis an vóta.
Ní mór fógra seachtaine ar a laghad i ndáil leis an ngníomh a thabhairt don fhostóir lena mbaineann an t-aighneas.

3. **Aighnis oifigiúla/Aighnis neamhoifigiúla agus Urghairí**

Is ionann **aighneas oifigiúil** agus aighneas a bhfuil cead faighte óna hoibrithe i rúnbhallóid ag an gcumann agus a bhfuil sé deimhnithe ag an ICTU.

I gcás **aighnis neamhoifigiúla** níl aon chead faighte ón ICTU ná ón gcumann agus ní fhaigheann na hoibrithe aon phá stailce.
De réir an **Achta Caidrimh Thionscail 1990** níl aon chosaint dhlíthiúil ag eagraithe aighnis neamhoifigiúla i gcoinne agartha ag an bhfostóir.
Má ghlacann comhaltaí ceardchumainn páirt in aighneas neamhdhleathach ansin is féidir leis an bhfostóir **urghaire** a fháil (ordú cúirte a chuireann srian le gníomhartha áirithe) in aghaidh na bhfostaithe atá páirteach.

## 4. Picéadú

**Picéadú Príomha.** De réir an **Achta Caidrimh Thionscail, 1990**, tá sé dleathach d'oibrithe picéadú a dhéanamh go síochánta ag áit ina n-oibríonn a bhfostóir nó ina seolann sé gnó ar choinníoll gur d'aon toisc chun faisnéis a fháil nó a thabhairt go síochánta.

**Picéadú tánaisteach.** Forálann an **t-acht** nach bhfuil picéadú tánaisteach (m.sh. picéadú fostóra seachas an fostóir príomha atá páirteach san aighneas) dleathach ach amháin i gcás go bhfuil sé réasúnach do na hoibrithe sin atá i mbun picéadú a chreidiúint go raibh an fostóir tánaisteach ag gníomhú chun an gníomh tionscail a chur ó mhaith trí chuidiú go díreach lena bhfostóir.

## *5.* Díolúine

Sonraíonn an **tAcht Caidrimh Thionscail, 1990** go bhfuil **díolúine** ag ceardchumainn agus oibrithe ó chaingean/ionchúisimh dlí i leith damáiste nó caillteanais a bhain don fhostóir mar thoradh ar aighneas ceirde. Ciallaíonn sé sin nach féidir leis an bhfostóir agairt a thabhairt in aghaidh ceardchumann ná a chuid comhaltaí mar gheall ar chaillteanais a bhain dó mar thoradh ar stailc (ar an gcoinníoll gur aighneas ceirde oifigiúil atá ann) agus go reáchtáil an ceardchumann rúnbhallóid (ní mór gur vótáil na comhaltaí i bhfabhar gníomh tionscail) roimh an ngníomh stailce.

**A (ii) Déan cur síos ar dhá shaghas gníomhaíochta tionsclaíche oifigiúla is féidir le ceardchumann a dhéanamh mar chuid d'aighneas trádála.**

1. Obair de réir Rialach/Cosc ar Ragobair:
    - Ní oibríonn siad ach amháin de réir a gconradh.
    - Leanann siad rialacha a gconarthaí fostaíochta chomh fada le 'fuarlitir an dlí'.

2. 'Moilleadóireacht'
    - Fanann siad ina gcuid poist ach cuireann siad dianmhoill ar oibríochtaí, rud a chiallaíonn go mbíonn sé dodhéanta ag an ngnólacht feidhmiú amanna.
    - Mar gheall go bhfuil siad fós ag obair tá siad i dteideal fáil íoctha.

3. Is iad na ceardchumainn a eagraíonn Stailc Oifigiúil, le go gcomhlíonfar an dlí.
   Is ionann é agus saothar a tharraingt siar go hiomlán. Tá oibrithe i dteideal pá stailce.
   Ní mór coinníollacha áirithe a chomhlíonadh sula dtarlaíonn aon stailc.

**(B) Déan ról gach ceann díobh seo a leanas a mheas mar chosantóirí tomhaltóirí.**

(i) **An Chúirt Mhionéileamh www.courts.ie**

Deileálann sí le gearáin ó thomhaltóirí a bhaineann le hearraí nó seirbhísí a ceannaíodh, ar mhaithe le húsáid phríobháideach, ó dhuine éigin a bhí á ndíol le linn gnó. Is €2,000 na huasdhamáistí.
(Tá fáil ar Sheirbhís na Cúirte Mionéileamh ón 11 Eanáir, 2010, ar mhaithe le gnólachtaí atá ag leanúint d'éilimh in aghaidh gnólachtaí eile).
Déileálann sí le héilimh tomhaltóirí mar earraí lochtacha, droch obair agus miondhamáiste do mhaoin atá faoi úinéireacht phríobháideach.

- Faigheann an dá thaobh an deis a gcás a chur i láthair agus spreagtar iad le teacht ar shocrú comhaontaithe.
- Níl an cinneadh a dhéanann cláraitheoir na cúirte ceangailteach de réir dlí ach glactar leis de ghnáth.
- Is féidir leanúint de mhionéilimh in aghaidh soláthraithe seirbhíse agus táirge tríd an tseirbhís sin, in aon stát de chuid an AE, ach amháin sa Danmhairg.
- Is féidir achomhairc dhéanamh tríd an gCúirt Dhúiche agus éistfear an cás os comhair breitheamh.

**Measúnú**

- Is bealach tapa/neamhfhoirmiúil agus éasca atá ann trínar féidir le tomhaltóirí aighnis a réiteach.
- Is modh é nach bhfuil costasach le haighnis a réiteach. Táille neamh-inaisíoctha de €15 iníoctha leis an gcúirt dúiche nuair atá an t-éileamh á lóisteáil./Níl aon aturnae riachtanach.
- Is féidir an próiseas a dhéanamh ar líne. Is beagnach ar líne a rinneadh leath de 4,145 éileamh a próiseáladh sa bhliain 2008.
- Gheobhaidh tú breithiúnas atá neamhchlaonta agus cothrom.
- Dhéileáil an Chúirt Mhionéileamh le 4,145 gearán don bhliain 2008, an bhliain deiridh dá bhfuil eolas ar fáil ina leith, suas beagnach ceathrú ar an mbliain roimhe sin. Níor tarchuireadh ach 26% de na héilimh chun cúirte.

**(ii) Seirbhís an Ombudsman**

**Oifig an Ombudsman do na Seirbhísí Poiblí. www.ombudsman.ie**

- Imscrúdaíonn Oifig an Ombudsman gearáin i ndáil le gníomhaíochtaí Ranna Rialtais, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Údaráis Áitiúla agus An Post.

- Ní féidir le hOifig an Ombudsman gearáin i ndáil leis an Uachtarán, An Dáil, Na Fórsaí Cosanta, An Garda Síochána, An Bhreithiúnacht ná an tSeirbhís Phríosúin a imscrúdú.

- Is í Oifig an Ombudsman an rogha deiridh. Ní dhéanann an Ombudsman ach gearáin amháin a imscrúdú, tar éis iarracht a bheith déanta ag an duine a theacht

ar réiteach leis an gcomhlacht poiblí lena mbaineann/agus go bhfuil cliste ar gach modh eile chun an tsaincheist a réiteach.

- Tá an Ombudsman **neamhspleách ar an Rialtas, tá sé neamhchlaonta** agus cuireann sé **seirbhís** ar fáil atá **saor in aisce**.

- Ní mór gearáin a dhéanamh laistigh d'aon bhliain amháin. Tar éis léirmheas cothrom agus iomlán a dhéanamh ar an ngearán, déanann an Ombudsman cinneadh cibé an bhfuil sé inchosanta agus má tá, déantar moltaí don chomhlacht poiblí ar mhaithe leis an bhfadhb a réiteach.

- Nuair a imscrúdaíonn an Ombudsman gearán, is féidir leis/léi cinneadh a dhéanamh i bhfabhar an duine ag a bhfuil an gearán á dhéanamh aige nó cinneadh a dhéanamh go bhfuil an comhlacht poiblí a bhfuil an gearán déanta ina leith, tar éis, go deimhin, feidhmiú i gceart. Má dhéanann an Ombudsman cinneadh i bhfabhar an duine ag a bhfuil an gearán á dhéanamh, is féidir leis/léi cabhair a chur ar fáil le réiteach a fháil ar cibé rud atá imithe mícheart. Mar shampla is féidir leis/léi a iarraidh go ngabhfaí leithscéal, nó go n-íocfaí deontas nó sochar eile, a diúltaíodh roimhe seo. I ndáil le moltaí an Ombudsman níl ceangailteach de réir dlí ar na páirtithe lena mbaineann an gearán

**Measúnú**

Tá cabhair tugtha ag **Oifig an Ombudsman**, ón mbliain 1984, do os cionn 70,000 duine ag a raibh gearáin bhailí agus tugadh comhairle agus treoir do roinnt mhaith daoine eile. Dhéileáil an Oifig le suas le 10,000 fiosrúchán ón bpobal sa bhliain 2009 agus déileáladh le 2,800 gearán.

**(C) Maidir le dlí na gconarthaí, léirigh do thuiscint ar *inniúlacht chonraithe*.**

Ciallaíonn inniúlacht chonraithe go bhfuil ceart dlíthiúil ag gach duine nádúrtha (daoine) agus ag daoine dlíthiúla/corparáideacha**,** lena n-áirítear comhlachtaí, dul i gconradh.

Tagann acmhainn chonarthach comhlachta óna Dheimhniú Corpraithe (comhlacht dlíthiúil ar leithligh). Má fheidhmíonn an comhlacht lasmuigh dá chumhachtaí dlíthiúla, deirtear go bhfuil sé ag feidhmiú '**Ultra Vires'.**

Go ginearálta **níl** inniúlacht chonraithe ag na daoine seo a leanas:

- **Naíonáin (iad siúd faoi 18 bliain d'aois) ach amháin i gcásanna áirithe m.sh. riachtanais.**
- **Daoine atá faoi thionchar deoch nó drugaí.**
- **Daoine atá ina ngealt**
- **Daoine atá ina bhféimigh**
- **Taidhleoirí.**

## Ceist 2

**(A) Léirigh tréithe gnólachta a bhfuil meas ceart aige ar an timpeallacht.**

**Comhairliúchán/Comhairle**

Comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara ar fad nuair atáthar ag forbairt agus ag feidhmiú beartais a mbíonn tionchar acu ar an gcomhshaoil. Comhairliúchán lena mbaineann an t-eolas is mó atá cothrom le dáta ar shaincheisteanna comhshaoil a fháil.

**Ionracas/Oscailteacht**

Insíonn an comhlacht an fhírinne agus tá sé macánta cneasta i ndáil le gach ní a bhfuil éifeacht acu ar an gcomhshaoil. Ní bhíonn faitíos ar ghnólachtaí atá comhfhiosach ó thaobh an chomhshaoil de faoi scrúdú a bheith á dhéanamh ar a gcuid cúrsaí, mar nach bhfuil aon ní le cur i bhfolach acu go ginearálta, m.sh. ní chuireann siad a gcuid timpistí tionsclaíocha i bhfolach.

**Feasacht maidir le saincheisteanna comhshaoil/Oiliúint**

Cuireann siad saincheisteanna comhshaoil chun cinn i measc a gcuid fostaithe, a gcuid custaiméirí agus an pobal gnó agus caitheann siad airgead ar na saincheisteanna. Cumarsáid agus rannpháirtíocht rialta leis an bhfoireann le feasacht a mhéadú agus iompar dearfach a chur chun cinn maidir leis an gcomhshaoil.

Sampla: monatóireacht a dhéanamh ar úsáid fuinnimh agus teochtaí a rialú/cultúr feasachta comhshaoil a chruthú ar fud na heagraíochta.

*Albain – tá beart 40 bliain sínithe ag Marks & Spencer, miondíoltóir ón Ríocht Aontaithe le Smartest Energy in Albain rud a chiallóidh go mbeidh an comhlacht ag fáil cumhachta trí úsáid a bhaint as foinsí fuinnimh inathnuaite ina gcuid stórtha in Albain ó Aibreán na bliana 2010.*

**Oscailteacht d'fhorbairt dearadh táirge nua/próisis mhonaraithe glan/réitigh níos fearr do tháirge i ndeireadh ré/athchúrsáil**
Dearadh a dhéanamh ar tháirgí atá marthanach agus a bhfuil ar an gcumas an saolré is mó agus is féidir a sheasamh/a chabhróidh le hídiú fuinnimh/dramhaíl a laghdú.

Úsáid a bhaint as páirteanna ar féidir iad a athchúrsáil/iad a dhiúscairt go sábháilte/ábhair atá íogaireach ó thaobh an chomhshaoil a sheachaint/a chuirfidh cosc ar thruailliú. Tionchar táirgí ar an gcomhshaol a laghdú ar bhonn leanúnach trí chláir athchúrsála agus athúsáidte feabhsaithe.

Sampla:

*Bhain Cadbury Ireland triail as foinse athsholáthar cairtchlár a bhí 100% inbhuanaithe dá bosca traidisiúnta Roses a bhí déanta as stán.*
*Tá an bosca stáin (a chuaigh ar triail i Tesco i mí na Nollag 2009) 45% níos éadroime agus sábhálann sé 200 thonna cruach. Seoladh an tionscnamh sin ionas go mbeadh Cadbury in ann a spriocmheáchan laghdaithe pacáistiú de 24% a bhaint amach don phacáistiú séasúrach agus bronntanas dá straitéis 'Cadbury's Purple goes Green'.*

**Íogaireach go do na breithnithe comhshaoil** ar fad i **ndéanamh polasaí**
Déantar iniúchtaí comhshaoil (Ráiteas Tionchair Comhshaoil) le measúnú a dhéanamh ar thionchar a ngnólachta ar an gcomhshaoil.

**Ag comhlíonadh an dlí**

Stiúrtar gnó le hionracas agus comhlíontar dlíthe agus rialacháin chomhshaoil. Iarrtar comhairle ar an GCC ar mhaithe le comhlíonadh a chinntiú.

**Forbairt Inbhuanaithe:**

Ba chóir riachtanais na nglúine atá le teacht a thabhairt san áireamh nuair atáthar ag úsáid acmhainní nádúrtha. Ba chóir do ghnólachtaí glacadh le cur chuige atá neamhdhíobhálach don chomhshaol nuair atáthar ag úsáid acmhainní nádúrtha. Tá sé sin ríthábhachtach mar gheall ar an athrú aeráide a d'fhéadfadh a bheith ann. D'fhéadfaí úsáid níos mó a bhaint as gaoithe agus as solas na gréine le fuinneamh a chruthú, agus ba chóir do ghnólachtaí an fuinneamh sin a úsáid níos éifeachtúla (bolgáin cfc).

**(B)**

**Tabhair breac-chuntas ar na cúiseanna a n-athródh gnólacht a struchtúr eagraíochta ó Thrádálaí Aonair go Comhlacht Príobháideach Tta.**

**Imthosca Athraitheacha**

D'fhéadfadh trádálaí aonair a struchtúir úinéireachta a athrú in imeacht ama go comhlacht príobháideach teoranta le dul in oiriúint d'imthosca athraitheacha agus éilimh an mhargaidh. D'éascódh roghnú comhlacht príobháideach teoranta mar a struchtúr úinéireachta na pleananna a d'fhéadfadh a bheith ag an úinéir don eagraíocht amach anseo agus an fhís atá aige maidir le cá háit a dteastaíonn ón eagraíocht a bheith.

**Méid/Leathnú /Barainneachtaí Scála**

B'fhéidir gur maith leis an bhfiontraíocht gnólachta fás. Le Leathnu tagann an t-ualach a bhaineann le speisialtóireacht bhreise tráth nach mbíonn duine aonair in ann gach rud a dhéanamh agus go mbíonn tuilleadh daoine agus saineolas ag teastáil, m.sh speisialtóirí airgeadais, margaíochta agus táirgeachta.

**Dliteanas Teoranta**

Is cúis eile leis an struchtúr a athrú ná an mhian dliteanas teoranta a chosaint. Is mian le fear/bean ghnó daoine óna dteaghlach a chosaint ó rioscaí gnó agus a dtodhchaí a chinntiú. Ní mór sócmhainní pearsanta a chosaint chun é sin a dhéanamh. Riosca níos lú caillteanas pearsanta. Is féidir comhlachtaí príobháideacha teoranta a bhunú le haon scairshealbhóir amháin anois.

**Caipiteal**

D'fhéadfadh aistriú ó thrádálaí aonair go comhlacht príobháideach teoranta a bheith riachtanach má theastaíonn tuilleadh caipitil chun an gnólacht a fhorbairt. Is féidir an caipiteal atá riachtanach a fháil trí scaireanna a eisiúint ar scairshealbhóirí eile suas chomh fáda leis an méid caipiteal údaraithe atá luaite sa Mheabhrán Comhlachais.

**Maoiniú/Iasacht**
D'fhéadfadh sé a bheith níos éasca maoiniú a fháil ó institiúidí airgeadais. D'fhéadfadh comhlachtaí ard-rátáil chreidmheasa a fháil ó sholáthraithe airgeadais.

**Fás**

D'fhéadfadh comhlacht príobháideach teoranta a bheith níos fearr ó thaobh an ghnólachta a leathnú. Tá cumaisc agus éadálacha/táthcheangail indéanta do chomhlachtaí

**Leanúnachas na marthana**
Tá sé níos éasca comhlacht a aistriú ó ghlúin amháin go glúin eile nó ó ghrúpa úinéirí/scairshealbhóirí amháin go grúpa eile.

**Cánachas**
Cáin chorparáide íseal do chatagóirí áirithe comhlachtaí.

**Comhlacht Dlíthiúil ar Leithligh**
Is féidir le comhlacht seachas na daoine aonair atá rannpháirteach san eagraíocht agairt a dhéanamh nó is féidir agairt a thabhairt in aghaidh na comhlachta ach ní hionann don trádálaí aonair.

**(C) Déan plé ar na slite éagsúla a dtéann Rialtas na hÉireann i bhfeidhm ar an lucht saothair in Éirinn.**

**Mar Fhostóir:**
Is é Rialtas na hÉireann an fostóir aonair is mó, fostaíonn sé 250,000 oibrí seirbhís phoiblí (an Státseirbhís, Comhlachtaí Stáit). Chiallaigh gearradh pá de 5%-15% a tugadh isteach i mbuiséad na bliana 2010 go bhfuil achrann/aighneas tionsclaíoch ann mar gheall ar sin. Embargo reatha ar earcaíocht.

**Beartais Chánachais/Beartais Fhioscacha:** Beidh níos mó ioncam inchaite ag tomhaltóirí mar thoradh ar ráta **cánach ioncaim** níos ísle, mar sin beidh níos mó airgid á chaitheamh acu ar earraí agus ar sheirbhísí. Cruthaíonn sé sin éileamh ar na hearraí agus ar na seirbhísí sin rud a chiallaíonn cruthú poist agus táirgeacht níos airde.

**CBL & Cáin Chorparáide:** D'fhéadfadh níos mó comhlachtaí eachtrannacha lonnú/fanacht in Éirinn agus fostaíocht a thairiscint mar thoradh ar gur laghdaigh an Rialtas ráta caighdeánach CBL ar earraí go 21% i mí na Nollag 2010 agus gur fhan cáin chorparáideach ag 12.5%. Chomh maith leis sin spreagann sé fiontraithe na hÉireann socrú suas in Éirinn agus poist a chruthú.

**Infrastruchtúr:** Cuireann infheistíocht an Rialtais in infrastruchtúr na tíre (tógáil mótarbhealaí, scoileanna, ospidéil nua etc.) le líon na n-oibrithe atá fostaithe i dtionscal na tógála. Spreagann sé gnólachtaí eile le feidhmiú in Éirinn agus tagann ardú ar fhostaíocht mar gheall ar sin.

**Comhaontuithe náisiúnta:** tugann siad cobhsaíocht chuig pleanáil gnó mar gur féidir costais ghnó mar phá a thuar/a réamh-mheas go cruinn.

**Caiteachas níos mó ar oideachas/oiliúint:** Beidh fórsa saothair ag a mbeidh níos mó scile, níos mó oideachais agus a bheidh níos infhostaithe mar thoradh ar infheistíocht Rialtais in oideachas d'fhórsa saothair na hÉireann trí scéimeanna oiliúna, cúrsaí gearrthéarmacha agus cláir uas-sciliú le FÁS.

Mar thoradh ar **dheontais** agus ar **dhreasachtaí** a thabhairt do chomhlachtaí eachtrannacha le lonnú in Éirinn, cuirfidh tionscail eachtrannacha fostaíocht ar fáil d'fhórsa saothair na hÉireann.
Tacaíocht d'oibrithe iomarcacha i gcomhlachtaí incháilithe faoin gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (Dell).
An Scéim Fóirdheontas Fostaíochta atá deartha le comhlachtaí a spreagadh le foireann a choimeád le linn an chúlú eacnamaíochta. Éilíodh ar na gnólachtaí a fuair an fóirdheontas tiomantas a thabhairt suas le 10 gcomhalta foirne a choimeád in aghaidh gach uile phost a bhfuil fóirdheontas á fháil ina leith.

**Teicneolaíocht Faisnéise:** Tá níos mó scileanna ag fórsa saothair na hÉireann a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil i ngnólachtaí ardteicneolaíochta (an geilleagar stuama) mar gheall ar infheistíocht san I.T. go háirithe in institiúidí dara agus tríú leibhéal.

**Muirir fhóntais:** Tá costais leictreachais ar an dara ceann is airde san Eoraip/ tháinig ardú ar mhuirir Údaráis Áitiúla/ tá an cháin charbóin nua ag cur le costais fuinnimh. Bíonn tionchar acu sin ar fad ar chostais gnó agus mar sin d'fhéadfadh laghdú a theacht ar an bhfórsa saothair.

**Reachtaíocht/Rialúchán:**
Forálann reachtaíocht Chaidrimh Thionscail do nósanna imeachta inghlactha i leith aighnis thionsclaíoch a réiteach.
Pá íosta/costais saothair: Tá rátaí pá íosta ardaithe 55% ó tugadh isteach é (€8.65). D'fhéadfadh sé sin cur as do ghnólachtaí ó thaobh oibrithe breise a fhostú. Áirítear ar reachtaíocht eile a bhfuil tionchar acu ar an bhfórsa saothair, an tAcht um Dhífhostú Éagórach, an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta srl.

**Fiontraíocht:**
Spreagann Rialtas na hÉireann forbairt fiontair trí thacaíochtaí a chuireann na CEBnna, na hIonaid Nuálaíocht Ghnó srl ar fáil.

## Ceist 3

**(A) (i) Mínigh cad a chiallaíonn an téarma 'Geilleagar Oscailte'.**
**(ii) Léirigh do thuiscint ar na téarmaí 'Comhardú na Trádála' agus 'Comhardú na nÍocaíochtaí'**

**(i)** Is éard is **Geilleagar Oscailte** ann ná geilleagar lenar féidir le daoine lena n-áirítear gnólachtaí **earraí agus seirbhísí a thrádáil**, (m.sh. allmhairithe agus onnmhairithe) agus iasacht a fháil agus iasacht a thabhairt ar na margaí airgeadais domhanda.

Is geilleagar oscailte beag atá in Éirinn a bhíonn i mbun trádála go hidirnáisiúnta/idirspleách ar gheilleagair eile.

Is tomhas ar oscailteacht na tíre is ea an codán den GDP atá á dhíriú ar allmhairithe agus ar onnmhairithe. Is beagnach n-onnmhairítear 80% den mhéid a tháirgtear in Éirinn.

Tá cion ard den ioncam náisiúnta comhdhéanta d'allmhairithe agus d'onnmhairithe.

Tá rogha leathan á thairiscint ag geilleagar oscailte. Is féidir amhábhair agus earraí críochnaithe riachtanacha a allmhairiú/a onnmhairiú.

**(ii)** Is é an **Comhardú Trádála** an **difríocht idir onnmhairithe sofheicthe agus allmhairithe sofheicthe.** Is ionann ommhairithe sofheicthe agus **earraí fisiciúla** a chuirtear amach as an tír agus tagann airgead isteach, m.sh. ríomhairí Dell, onnmhairithe mairteola chun an Ríocht Aontaithe, onnmairithe uaineoil chun na Fraince. Is ionann allmhairithe sofheicthe agus earraí fisiciúla a thagann isteach sa tír agus airgead a théann amach, m.sh. fíon ón Fhrainc, bróga leathair ón Iodáil.

**Comhardú Trádála = Onnmhairithe Sofheicthe - Allmhairithe Sofheicthe**
**Onnmhairithe Sofheicthe>Allmhairithe Sofheicthe = Barrachas**
**Onnmhairithe Sofheicthe<Allmhairithe Sofheicthe = Easnamh**

Is ionann **Comhardú na nÍocaíochtaí** agus an **méid iomlán airgid a thagann isteach agus a théann amach as an tír** i rith na bliana.

nó

Áiríonn sé an **Comhardú Trádála móide Comhardú na Trádála Dofheicthe**.
m.sh Onnmhairithe dofheicthe, m.sh. turasóirí Meiriceánacha ar saoire in Éirinn.
Allmhairithe dofheicthe, m.sh muintir na hÉireann ar saoire sa Spáinn.

**Comhardú na nÍocaíochtaí = Onnmhairithe Iomlán (Sofheicthe agus Dofheicthe) - Allmhairithe Iomlán (Sofheicthe agus Dofheicthe)**

**Onnmhairithe Iomlán>Allmhairithe Iomlán = Barrachas**
**Onnmhairithe Iomlán<Allmhairithe Iomlán = Easnamh**

**(B) Déan anailís ar conas atá treochtaí malartacha sa gheilleagar idirnáisiúnta tar éis dul i bhfeidhm ar ghnólachtaí Éireannacha.**

**1. Luaineacht Airgeadra:** Tá onnmhairithe na hÉireann faoi thionchar ag an gcúlú eacnamaíochta idirnáisiúnta agus ag an titim i luach an sterling. Cailleadh 32 faoin gcéad den iomaíochas i bpraghas na hÉireann sa bhliain 2009. Ba mar gheall ar an ardú ar an euro a tharla roinnt de sin, ach baineann roinnt chomh maith le costais a bheith ag ardú níos tapa sa tír seo i gcomparáid lenár gcomhpháirtithe trádála.

**Tionchar:** Éifeacht aige ar onnmhairithe chuig an Ríocht Aontaithe.

**2. An Cúlú Eacnamaíochta Domhanda:** leanann an córas airgeadais anseo agus go hidirnáisiúnta, de bheith ó mhaith tar éis na géarchéime creidmheasa agus, inár gcás, díscríobh a bhaineann le hiasachtaí maoine.

**Tionchar:**
Tá Dell, mar aon le cuid mhaith ollchomhlachtaí, buailte ag an gcúlú eacnamaíochta idirnáisiúnta agus tá siad ag lorg bealaí leis an gcomhlacht a dhéanamh níos iomaíche. Tá siad in ann ríomhairí a dhéanamh i bhfad níos saoire sa Pholainn.

**3. Tá an Ghéarchéim Baincéireachta Idirnáisiúnta** tar éis cúlú eacnamaíochta a chruthú ar fud an domhain. Tá muinín ghnólachtaí na hÉireann maidir le hionchais gnó amach anseo imithe i laige. Tá an mhuinín i ngnó ag an leibhéal is ísle ó 2003.
Bhí tionchar leathan ag an ngéarchéim baincéireachta ar fud an domhain ar ghnólachtaí Éireannacha mar go gcaithfidh siad aghaidh a thabhairt ar chostais mhaoinithe atá níos airde.

**Tionchar:**
Deacracht maidir le creidmheas a fháil, m.sh. iasachtaí bainc agus rótharraingtí bainc.

**4. Tionchar na gComhlachtaí Trasnáisiúnta (TNCnna):**. Tá roinnt de na TNCnna níos cumhachtaí ná na tíortha ina bhfeidhmíonn siad. Mealltar na comhlachtaí sin chun na hÉireann trí dhreasachtaí cánach. (Tá ráta cáin chorparáide de **12.5 %** na hÉireann an-íseal). Is minic go ndéanann TNCnna stocaireacht ar Rialtais agus ar an AE chun glacadh lena gcoinníollacha trádála. Cuireann sé sin ar a gcumas trádáil a dhéanamh ar bheagán srianta.
**Tionchar:**
D'fhéadfadh iarmhairtí ollmhóra a bheith ann do gheilleagar na hÉireann má roghnaíonn TNCnna gan lonnú in Éirinn mar go bhfuil siad an-mhór agus fostaíonn siad líon suntasach oibrithe, m.sh. Pzifers; Boston Scientific.

**5. Fás ar dhomhandú:** tá an bealach ina bhfuiltear ag déileáil leis an domhan mar áit margaidh aonair do tháirgí caighdeánaithe le feiceáil in Éirinn sa lá atá inniu ann. Tá an t-idirlíon agus an Teilifís tar éis cúnamh a thabhairt do ghnólachtaí le brandaí domhanda a fhorbairt trí fhógraíocht a dhéanamh orthu go domhanda, m.sh. Sony, McDonalds, Toyota, Coca Cola.

**Tionchar:** Ní mór do ghnólachtaí Éireannach dul in iomaíocht ar an ardán domhanda.

**6. Fás ar bhloic thrádála agus ar Chomhaontuithe:** Is sampla é an AE de bhloc trádála a cheadaíonn saorthrádáil i measc a chuid baill. Mar go bhfuil Éirinn ina ball is féidir léi saorthrádáil a dhéanamh le tíortha eile san AE gan aon bhacainní ná srianta.

**Tionchar:** Cuireann sé sin áit margaidh níos leithne ar fáil (495milliún) do bhia agus de sheirbhísí na hÉireann mar gheall ar an bhfás sa chomhaltas.

**7. An Eagraíocht Dhomhanda Trádála:** tá an eagraíocht sin freagrach as cóirthrádáil idir thíortha a chur chun cinn. Déanann siad idirbheartaíocht idir bhallstáit trí dírialáil a spreagadh agus na bacainní atá ann ar thrádáil a aschur.

**Tionchar:** Cuireann sé sin deiseanna móra díolacháin ar fáil do ghnólachtaí Éireannacha thar lear. Tá Éirinn ina ball ón mbliain 1995.

**8. Iomaíocht** Tá a gcuid geilleagair oscailte ag tíortha ó Oirthear na hEorpa, mar Phoblacht na Seice, an Ungáir, agus an tSlóvaic, d'fhórsaí an mhargaidh.

**Tionchar:** Tá dúshlán áirithe i ndán d'Éirinn mar gheall ar sin mar gur sár-tháirgeoirí táirgí talmhaíochta iad na tíortha sin agus gur féidir leo caighdeán a thairiscint do thomhaltóir na hEorpa ag praghas atá níos ísle.

**9. An tAontas Eorpach/Ag Leathnú an Aontais Eorpaigh:** tá deiseanna ann do ghnólachtaí Éireannacha lena gcuid earraí agus seirbhísí a chur chun cinn agus tíortha nua ó Oirthear na hEorpa ag dul isteach san AE.

**Tionchar:** Tá daonra mór sna tíortha sin agus éileamh leis ar earraí agus ar sheirbhísí Éireannacha.

**10. Dírialú:** tá dírialú tar éis cur le hiomaíocht sa mhargadh agus tá cosantas laghdaithe, m.sh. aschur bacainní trádála. Ní mór do ghnólachtaí Éireannacha earraí agus seirbhísí atá ar ardchaighdeán a chur ar fáil ag praghsanna iomaíocha le cur ar a gcumas maireachtáil. Tugann dírialú in Éirinn deis do ghnólachtaí nua dul isteach sa mhargadh agus luach ar airgead a thairiscint do thomhaltóirí na hÉireann.

**Tionchar:** Tá dílrialú na n-**earnálacha leictreachais agus aerlíne** tar éis roghanna agus luach ar airgead a thairiscint do ghnólachtaí na hÉireann.

**11. Tíortha atá ag teacht chun cinn/na deiseanna margaidh:** Mar gheall ar fhás na ngeilleagar ar Imeall an Aigéin Chiúin (An Chóiré Theas, an tSín, an tSeapáin, an Téaváin, Singeapór, an Téalainn, an Mhalaeisia, an Indinéis) tá margaí nua tagtha chun cinn. Tá na geilleagair sin ag forbairt go tapa (an réigiún is tapa ar domhan ina bhfuil an eacnamaíocht ag fás)

**Tionchar:** Tá margaí agus iomaíocht araon cruthaithe acu do ghnólachtaí Éireannacha.

**12. Teicneolaíocht:** Tá fás ollmhór léirithe ag earnáil na teicneolaíochta cumarsáide agus na faisnéise (ICT) le blianta beaga anuas. Tá comhlachtaí ICT in Éirinn páirteach i raon gníomhaíochtaí; líonraí, forbairt bogearraí srl.

**Tionchar:** Tá ríomhthráchtáil/riomhgnó tar éis cur ar chumas gnólachtaí Éireannacha fógraíocht a dhéanamh maidir lena gcuid gnó ar fud an domhain. Tá an deis tugtha ag forbairtí sa teicneolaíocht chun é sin a bhaint amach. Tá gnólachtaí i dteagmháil go seasta anois le comhlachtaí ar fud an domhain.

**13. Imirce:** Fórsa saothair oilte ag dul ar imirce "imirce daoine oilte"

**Tionchar**: Ganntanas fostaithe atá cáilithe go cuí amach anseo.

**(C) Déan plé ar an tábhacht atá ag aon dá cheann de pholasaithe seo an AE d'Éirinn:**

**(i) Comhbheartas Iomaíochta an Aontais Eorpaigh**

**(TÁ DHÁ PHOINTE AR LEITHLIGH AG TEASTÁIL DON DÁ CHOMHBHEARTAS)**

- Cinntíonn sé gurbh é an ráthaíocht is fearr do thomhaltóir na hÉireann le hearraí agus seirbhísí ar ardchaighdeán a fháil ná go mbeadh líon soláthraithe i mbun iomaíochta don ghnó, m.sh. iomaíocht a bheith i measc soláthraithe.
- Cinntíonn sé go bhfeidhmíonn Gnólachtaí Éireannacha ar bhonn cothrom agus go bhfaigheann na custaiméirí buntáiste.
- Cuireann sé srian ar ghnólachtaí Éireannacha ó chairtéil frithiomaíoch a bhunú nó praghsanna a choinneáil níos airde go bréagach nó cosc a chur ar dhaoine nua chun an mhargaidh.
- Tá sé de chumhacht ag an gcoimisiún rialú a dhéanamh ar chumaisc agus ar tháthcheangail.
- Agus iad ag déanamh gnó le gnólachtaí níos lú, ní féidir le gnólachtaí móra a gcumhacht margála a úsáid le coinníollacha a fhorchur a chiallódh sé go mbeadh sé deacair ar a gcuid soláthraithe nó ag a gcuid custaiméirí gnó a dhéanamh le lucht iomaíochta an ghnólachta mhóir. Is féidir leis an gCoimisiún fíneáil a ghearradh i ndáil leis na cleachtais sin agus déanann sé é sin.

**(ii) An Comhbheartas Iascaireachta (CI)**

- **Rochtain ar Uiscí Iascaireachta:** Tá rochtain ar uiscí cósta na hÉireann forchoimeádta ar feadh achair de 12 míle amach ón gcósta d'iascairí ó chalafoirt áitiúla. Cuireann sé sin cosc ar bháid eachtrannacha ró-iascaireacht a dhéanamh sna limistéir sin. Tá sé de chead ag an AE sainiú a dhéanamh ar na háiteanna ina bhfuil iascaireacht cosctha nó srianta agus a shainiú nach mór de bháid ar fad an AE ceadúnas a bheith acu le hiascaireacht a dhéanamh.
- **Stoic Éisc na hÉireann a Chaomhnú:** Tá an beartas seo deartha le cosaint a thabhairt do stoic éisc ó ró-iascaireacht. Laghdaítear gabhálacha iasc óg, rialaítear saghas an mhogaill in eangacha agus cuirtear teorainneacha i bhfeidhm maidir le séasúir iascaireachta difriúla.
- **Ag Déanamh Monatóireachta ar Ghníomhaíocht Iascaireachta:** Luíonn an fhreagracht le gach ballstát lena chinntiú go gcuirtear na rialacha ar fad i bhfeidhm (sa chás seo Éirinn). Soláthraíonn an AE cabhair d'Éirinn le soithigh agus aerárthaigh a cheannach do na húdaráis le hiascaireacht a chosaint.
- **Margaíocht ar Tháirge Iascaigh:** Tá an CFP deartha le margadh na hÉireann a chobhsú, ráthaíocht a thabhairt i leith soláthar seasta táirgí, praghsanna réasúnacha a chur ar fáil do thomhaltóirí na hÉireann agus tacú le hiascairí na hÉireann

### (iii) An Comhbheartas Talmhaíochta (CT)

- Cuireann sé caighdeán cóir maireachtála chun cinn d'fheirmeoirí a raibh a gcuid meánioncam i gcónaí laistiar de mheántuillimh tionsclaíoch.
- Déanann sé cobhsú ar mhargaí talmhaíochta agus déanann sé praghsanna a rialú ionas gur féidir le feirmeoirí a bheith cinnte go mbeidh margadh ann nach mbeidh luaineachtaí móra i gceist leis na praghsanna a fhaigheann siad ar n-aschuir bhliantúil.
- Téann airgead óna Cistí Struchtúrtha chun sochair do thalmhaíocht na hÉireann.
- Téann siad chun leasa don tsochaí freisin i bhfoirm comhshaol níos fearr.
- Cuireann CAP cúnamh le bia sábháilte rianaithe a sholáthar agus cinntíonn sé go gcuireann feirmeoir feabhas ar a gcuid caighdeáin táirgeachta ar bhonn leanúnach.
- Caomhnaíonn agus athchóiríonn CAP infrastruchtúr agus sráidbhailte tuaithe, a thacaíonn le tionscal turasóireachta na hÉireann.
- Ó chuaigh Éire isteach san AE, tá buntáistí faighte ó mhaoiniú mór in Éirinn, lena n-áirítear níos mó ná €41 billiun ón CAP.

# ROINN 3
# Cuid 2
# Fiontraíocht

## Ceist 4

**(A) (i) Cad a chiallaíonn an téarma anailís LLDB (SWOT)?**

Teicníc bhainistíochta/modh pleanála straitéisí. Baintear úsáid as chun a fháil amach/measúnú a dhéanamh ar ghnólacht i dtéarmaí láidreachtaí, laigí, deiseanna agus bagairtí. Is fachtóirí inmheánacha iad láidreachtaí agus laigí in anailís LLDB. Is fachtóirí seachtracha iad deiseanna agus bagairtí in anailís *LLDB*. Is í an aidhm cur an méid is féidir le féidearthacht láidreachtaí agus deiseanna fad a íoslaghdaítear tionchar laigí agus bagairtí.

**(ii) Déan anailís LLDB ar ghnó de do rogha.**
**(Ba cheart dhá phointe a bheith san áireamh faoi gach ceannteideal)**

## Ryanair:

**Láidreachtaí:**

1. Ainm branda: *Tá forbairt déanta ag Ryanair ar ainm branda atá aitheanta go maith le linn a 14 bliain sa mhargadh.*
2. Láithreán idirlín (94% d'áirithintí) www.ryanair.com: *Íslíonn sé costais áirithintí.*
3. Feidhmíocht Ard Seirbhíse: *Poncúlacht, ráta ard críochnaithe eitilte.*
4. Ceannáras atá beag: *Íseal ó thaobh forchostais.*

**Laigí:**

1. Faid roinnt aerfoirt réigiúnacha ón gceann scríbe fógartha: *In imeacht ama b'fhéidir go gcuirfeadh sé sin as go mór do chustaiméirí.*
2. Tugtha de dhroch phreas

**Deiseanna:**

1. Méadú an AE: *roinnt mhaith cinn scríbe nua oscailte suas ar fud an AE.*
2. I ndáiríre tá an cúlú eacnamaíochta ag cuidiú le Ryanair – *athruithe i gcultúr corparáideach, 'goideann' siad custaiméirí ó iompróirí traidisiúnta mar go bhfuil táillí níos ísle á lorg acu le linn cúlú eacnamaíochta.*

**Bagairtí:**

1. Spleáchas ar na margaí ola: *Tá costais breosla ina mbagairt ollmhór d'aerthaisteal.*
2. Ardú ag teacht ar iomaíocht maidir le táillí níos ísle/*custaiméirí thar a bheith íogaireach ó thaobh praghais.*
3. Níl siad in ann tabhairt isteach dleacht ar bhreosla nó tobhaigh chomhshaoil/cánacha carbóin/cáin ar thaisteal a chosc: *Laghdódh sé sin a gcumas fáis mar go bhfuil siad ag brath ar spreagadh praghais.*

**(B) Déan anailís ar an bpáirt is féidir a bheith ag an bpleanáil *straitéiseach* agus ag an bpleanáil *oirbheartaíoch* i mbainistíocht rathúil ghnó. Bain úsáid as samplaí i do fhreagra.**

Tá **straitéis phleanála fadtéarmach**, déanta ag **ard bhainistíocht.** Cuireann sé treoir ar fáil maidir le cá háit a bhfuil an gnólacht ag dul sa bhfadtéarma, agus an bealach le dul ann.

- Tugann plean straitéiseach sainmhíniú soiléir maidir le cuspóir an ghnólachta agus bunaíonn spriocanna réalaíocha atá ag teacht le ráiteas misin an ghnólachta.
- Tá bonn ar an mbainistíocht ónar féidir dul chun cinn a thomhas (binsemharacáil) agus beidh ar a gcumas meicníocht d'athrú eolach a bhunú nuair is gá.
- Cuidíonn pleananna straitéiseacha le gnólachtaí deiseanna éadála a aithint.

***Pleananna Straitéiseacha***
*Sciar an margaidh a ardú/margadh onnmhairithe a fhás/bheith mar cheannaire margaidh/dul isteach i gcumasc pleanáilte – m.sh. United and Continental airlines/dul isteach i margaí nua.*

***Sampla***
*Infheistíocht BSL i bhfuinneamh (gaoth) inathnuaite, comhaontuithe straitéiseacha le déantúsóirí mótair le píolótú a dhéanamh ar úsáid fheithiclí leictreachais agus tá siad páirteach i leathadh amach an Mhéadair Chliste Náisiúnta atá maoirsithe ag an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh.*

Is ar **bhonn gearrthéarma** an **phleanáil oirbheartaíoch** nuair a bhristear suas an plean fadtéarmach i gcuspóirí atá níos giorra agus níos éasca le láimhseáil. Is foireann bainistíochta a dhéileálann leis an obair a dhéanamh chun an plean straitéiseach a fheidhmiú a dhéanann forbairt ar an bplean oirtheartaíoch. Dréachtaíonn siad plean oirbheartaíoch a dhéileáfaidh leis an gcuid "láithreach" den phlean. Má bhaintear iad sin amach cuidíonn sé leis an ngnólacht a spriocanna fadtéarmacha a bhaint amach.

Tugann pleananna oirbheartaíochta breac-chuntas ar shraith gníomhmhíreanna nó beartaíochtaí le cuidiú le gnólacht líon príomhchuspóirí nó príomhspriocanna a bhaint amach.

Sampla de pleanáil oirbheartaíoch ná grúpa nua custaiméirí a chur leis on mbliain seo chugainn, leibhéil seirbhíse do chustaiméirí a fheabhsú trí beartaíochtaí sainiúla, láimhdeachas fostaí a laghdú, nó costais oibríochta a laghdú.

***Pleananna oirbheartaíocht:*** *siopadóireacht ar an idirlíon a thairiscint/ spriocdhíriú ar theascáin margaidh nua/ raon táirgí nua a sheoladh/ brainsí nua a oscailt.*

***Sampla***
Baineann roinnt pleananna oirbheartaíochta le feidhmeanna áirithe gnólachta, m.sh. **fógraíocht.**
*Is ea feachtas fógraíochta dhá mhí le hiarracht a dhéanamh cur 20% le díolacháin.*

**(C) Déan plé ar na buntáistí a bhaineann le struchtúr feidhmiúil eagrúcháin a bheith i ngnó. Déan tagairt don "Slabhra Ceannais" agus don "Réise Rialúcháin" i do fhreagra.**

San eagrúchán feidhmiúil, bíonn gach post/feidhm ina phointe fócais. Cuirtear le chéile poist feidhmbunaithe comhchosúla a dhéanann na fostaithe (roinntear na freagrachtaí de réir na bhfeidhmeanna). Tá speisialtóireacht láraithe i ngach réimse feidhme agus cuirtear na fostaithe atá ag déanamh na bpost speisialaithe sin le chéile.

Beidh pearsanra ag a bhfuil scileanna éagsúla ag na réimsí feidhme, ach tá na scileanna sin grúpáilte i ndáil lena gcosúlachtaí. Féadfar na daoine ag a bhfuil scileanna comhionanna a ghrúpáil go héasca agus is féidir iad a chur in aonaid ar leithligh. Grúpáiltear lucht díolacháin ar fad le chéile, an lucht táirgeachta ar fad le chéile, agus mar sin de. Déantar tascanna níos éifeachtúla mar go tagann na tascanna le hoiliúint gach duine aonair ina n-aonad.

Is gnáth le fostaithe foghlaim óna chéile agus tacú lena chéile mar go bhfuil siad sin leis an speisialtacht chéanna (nó sraith scileanna) grúpáilte le chéile.

**Tá an slabhra ceannais líneach.** Is é **an slabhra ceannais** an líne/bealach ina gcuirtear orduithe/treoracha agus cinntí ón mbarr go dtí bun an ordlathais agus a gcuirtear aiseolas ar ais suas. Tá struchtúr soiléir eagrúcháin agus línte soiléir údaráis ann.Feabhsaíonn sé sin comhordú agus inspreagadh mar go bhfuil na fostaithe ar an eolas maidir le cad atáthar ag súil uathu agus cathain.Tá cuntasacht ann mar tá duine éigin freagrach as gach roinn. **Tagann treoracha anuas** an slabhra ceannais agus **téann custasacht suas**. Saorann sé sin an ardbhainistíocht ó mhicreabhainistiú oibríochtaí, ionas go mbeidh ar a gcumas díriú ar straitéis fhoriomlán an ghnólachta. Cuidíonn sé le líne chumarsáide shoiléir a chruthú idir barr agus bun an ghnólachta.

Tá speisialtóireacht láraithe i ngach réimse feidhmiúcháin, agus ar an tslí sin cuirtear le scileanna agus le saineolas.Is gnáth le fostaithe foghlaim óna chéile agus tacaíocht a thabhairt dá chéile.

Is ionann **réise rialúcháin** agus líon daoine a thuairiscíonn go díreach chuig bainisteoir amháin san ordlathas.D'fhéadfadh an réise a bheith **leathan** nó **cúng**. Braitheann a mhéid ar líon fachtóirí, lena n-airítear cineál/deacracht na hoibre; cáilíocht an bhainisteora agus na foirne araon; an tseirbhís atá á chur ar fáil; an cineál táirge atá á dhéanamh – beidh níos lú maoirseachta ag teastáil ó tháirgí is féidir a dhéanamh nó a sheachadadh go héasca agus mar sin beidh réise rialúcháin níos leithne acu.

Amhail is mó daoine atá faoi rialú aon bhainisteoir amháin, amhail is leithne an réise rialúcháin. Ciallaíonn níos lú réise rialúcháin níos cúinge. Tá sé suas do gach bainisteoir aonair obair a tharmligean dá íochtaránaigh sa réise. Ceadaíonn Struchtúir Feidhmiúil Eagrúcháin réise rialúcháin leathan.Is ionann iad sin agus "eacnamaíochtaí scála" mar go n-úsáidtear acmhainní go héifachtúil/ní bhíonn aon dúblú ar acmhainní ann.

# Ceist 5

**A (i) Mínigh cad a chiallaíonn an téarma measúnú feidhmiúcháin.**

Is ionann **measúnú feidhmiúcháin** agus athbhreithniú a dhéanamh ar fhostaithe sa ghnólacht. De ghnáth is é an Bainisteoir Acmhainní Daonna a dhéanann é le breithiúnas/measúnú/meastóireacht a dhéanamh ar an bhfostaí. Tagann an Bainisteoir Acmhainní Daonna ar bhreithiúnas maidir le hobair an duine trí athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaighdeán oibre, an dul chun cinn atá déanta ag an duine nó cumas an duine.

D'fhéadfadh sé go mbeadh agallamh/plé idir an fostaí agus an Bainisteoir Acmhainní Daonna le spriocanna a leagan síos, ionchais, fadhbanna a d'fhéadfadh a bheith ag an bhfostaí, nó acmhainní a bheadh riachtanach leis na spriocanna a bhaint amach.

**(ii) Tabhair breac-chuntas ar an sochar is féidir le gnólacht a bhaint as measúnú feidhmiúcháin.**

**Buntáistí do ghnólacht.**

**Deis le hatbhreithniú a dhéanamh ar na luachanna saothair (struchtúir buntáistí):** D'fhéadfaí é a úsáid le harduithe pá nó le dul chun cinn a chinneadh.
D'fhéadfadh sé cuidiú leis an ngnólacht le hatbhreithniú ar agus le costais luach saothair agus pacáistí buntáistí mar scéimeanna pinsin a laghdú.

**Breis táirgiúlachta:** Tá measúnú feidhmiúcháin tábhachtach ó thaobh foireann a inspreagadh, ó thaobh meoin agus forbairt iompair, cumarsáid agus le caidreamh dearfach a chothú idir an bhainistíocht agus an fhoireann. Bíonn breis táirgiúlachta óna fostaithe mar thoradh ar sin.

D'fhéadfaí **Costais Ragoibre** a laghdú trí bhreis táirgiúlachta le linn gnáth uaire oibre. Is féidir forluí idir ranna a léiriú rud a ghearrfaí síos ar dhúbláil oibre

**An fhoireann cheart a choimeád/ foireann nach bhfuil ag feidhmiú go maith a aithint:** cuidíonn sé le gnólacht daoine ard-tallainne a aithint agus a chinntiú go gcoimeádfar na daoine sin.
Beidh gnólacht in ann fostaithe nach bhfuil ag baint a lánacmhainneachta amach a aithint D'fhéadfaí athstruchtúrú a dhéanamh ar an ngnólacht le fáil réidh le sraitheanna farasbarr bainistíochta, m.sh. **díshrathú.**

**Caidreamh Tionscail** d'fhéadfaí coimhlint ag an obair a léiriú trí méasúnaithe feidhmiúcháin. Cuireann sé sin ar chumas an ghnólachta coisc/cuidiú le fadhbanna idir an bhainistíocht agus na fostaithe a réiteach agus cuidíonn sé le caidreamh tionscail ag an obair a fheabhsú. D'fhéadfadh sé dílseacht don eagraíocht a fheabhsú má thugtar luach saothair dhearfacha.

**Láidreachtaí atá faoi cheilt/tarmligean:** aithníonn measúnaithe feidhmiúcháin láidreachtaí faoi cheilt nach bhfuil úsáid á bhaint astu agus a d'fhéadfaí a úsáid ar mhaithe leis an ngnólacht. Is féidir é sin a bhaint amach trí scileanna aonair a fhorbairt agus dá réir sin feabhsófar feidhmíocht fhoriomlán an ghnólachta. Is féidir úsáid a bhaint as le measúnú a dhéanamh ar acmhainn dul chun cinn an fhostaí.

**Tarmligean:** féadfaidh bainisteoirí cinneadh a dhéanamh maidir le tascanna a tharmligean d'fhostaithe áirithe atá ag feidhmiú go maith sa ghnólacht. Bainfidh sé sin an brú de bhainisteoirí.

**Roghnú agus Oiliúint:** cuidíonn sé le gnólacht cinneadh a dhéanamh maidir le cibé an bhfuil an iomarca nó nach bhfuil dóthain oiliúint á seachadadh i ranna éagsúla an ghnólachta, m.sh. d'fhéadfadh sé go mbeadh orthu oiliúint a laghdú i roinnt ranna a bhfuil láimhdeachas ard foirne acu agus dá réir sin laghdófar costais gnó.

**Pleanáil:** Bíonn sé níos éasca ag bainisteoirí pleanáil a dhéanamh ó thaobh airgeadais de agus tugann cobhsaíocht chun na pleanála mar gur féidir costais ghnó mar phá a thuar/a réamh-mheas go cruinn.

**(B) Óna figiúirí a thugtar thíos don bhliain 2009 ríomh iad seo a leanas do CES Tta.**

**(i) Corrlach an Bhrabúis Ghlain;**
**(ii) An Cóimheas Reatha;**
**(iii) An Cóimheas Fíorthástála;**
**(iv) Cóimheas Fiachas le Cothromas.**

**(i) Corrlach an Bhrabúis Ghlain** = $\frac{\textbf{Brabús Glan}}{\textbf{Díolacháin}} \times \frac{\textbf{100}}{\textbf{1}}$

$\frac{33,750}{135,000} \times \frac{100}{1}$

**= 25%**

**(ii) An Cóimheas Reatha = Sócmhainní Reatha: Fiachais Reatha**

84,500: 65,000
**1.3:1**

**(iii) An Cóimheas Fíorthástála =**
**Sócmhainní Reatha – Stoc Deiridh: Fiachais Reatha**

84,500 – 39,000: 65,000
45,500:65,000
**0.7:1**

**(iv) Cóimheas Fiachas le Cothromas =**
**Fiachas:Caipiteal cothromais (Caipiteal gnathsciar+ Cúlchistí)**

192,000:300,000 + 20,000
192,000:320,000
**0.6 :1**

**(C) Déan anailís ar thábhacht na dtreochtaí i rith an dá bhliain do na páirtithe leasmhara seo a leanas**
**(i) Infheisteoirí/Scairshealbhóirí;**
**(ii) Soláthraithe;**
**(iii) Fostaithe.**

**(i) Infheisteoirí/Scairshealbhóirí**

Beidh spéis ag infheisteoirí ionchasacha a fheiceáil cibé ar fiú airgead a infheistiú sa ghnólacht. Beidh spéis ar leith acu **sa chóimheas fiachas le cothromas**. Tabharfaidh sé sin léiriú do infheisteoirí cé hard/íseal-ghiaráilte is atá an gnólacht.
Sa chás seo bhí fiachas íseal go caipiteal cothromais ag an ngnólacht sa bhliain 2008 **(0.4:1) i** gcomparáid le 2009 **(0.6:1).** D'fhéadfadh sé go mbeadh údar imní ag infheisteoirí ionchasacha go bhfuil fiachas fadtéarma ardaithe ag an ngnólacht le híocaíochtaí úis níos airde.

Beidh spéis ag scairshealbhóirí/infheisteoirí atá ann cheana sa **Chorrlach Brabúis Glan**. Amhail is airde an céatadán amhail is fearr. Beidh díbhinní iníoctha ag brath ar fhigiúr brabús glan an ghnólachta.
Sa chás seo d'fhéadfadh sé nach mbeadh Infheisteoirí/Scairshealbhóirí sásta mar go raibh titim de 7% ó 2008 (32%) go 2009(25%).

**(ii) Soláthraithe**

Beidh spéis ag soláthraithe a sholáthraigh earraí ar chreidmheas do CES Teo i gcumas an ghnólachta íoc as na hearraí. Beidh spéis ar leith acu sna cóimheasa leachtachta (Cóimheas reatha agus sa Chóimheasfíorthástála).Tabharfaidh an **Cóimheas Reatha** leide dóibh maidir le cumas an ghnólachta íoc as a fhiachais reatha as a sócmhainní reatha. Bhí leibhéal an-mhaith caipiteal oibre ag an ngnólacht seo in 2008. Bhí €2 ar fáil acu le híoc as gach €1 d'fhiachais. Tá cothabháil an riocht maith caipiteal oibre sin ríthábhachtach do sreabhadh airgid an ghnólachta. Mar sin féin, ní mar sin a bhí an scéal sa bhliain 2009 mar nach raibh ach €1.30 ar fáil acu le híoc as gach €1 fiachais.

Léiríonn an **Cóimheas fíorthástála** cumas gnólachta le teacht ar airgead tirim láithreach le híoc as a fhiachais reatha. Beidh spéis ag soláthraithe cibé an bhfuil an gnólacht sin in ann a chuid fiachais a íoc ar ais láithreach más gá. Bhí €1.10 ar fáil láithreach ag an ngnólacht sa bhliain 2008 le híoc as gach €1 a bhí dlite. Chuaigh an riocht sin i léig sa bhliain 2009 nuair nach raibh ach 70c ar fáil ag an ngnólacht le híoc as gach €1 dlite. Mura dtagann feabhas ar sin beidh deacracht ag an ngnólacht earraí a cheannach ar chreidmheas amach anseo.

**(iii) Fostaithe**

Beidh na fostaithe ag iarraidh a fháil amach cé chomh slán is atá a gcuid poist agus an dóchúlacht atá ann an mbeidh ar a gcumas idirbheartaíocht a dhéanamh maidir le hardú pá. Bheadh an an-spéis acu i **mbrabúsacht** an ghnólachta. Laghdaíonn an titim sa % sa Chorrlach Brabús Glan a gcuid seansanna le hardú pá a fháil. D'fhéadfadh an bhainistíocht a bheith ag lorg bealaí leis an mbille pá a laghdú.

Bheadh **brabúsacht** ina húdar mór imní d'fhostaithe má tá sciar acu sa ghnólacht, mar go mbeadh spéis acu sa mhéid díbhinne a bheadh á híoc amach. Beidh díbhinní iníoctha ag brath ar fhigiúr brabús glan an ghnólachta. Sa chás seo níl an gnólacht chomh brabúsach in 2009 agus a bhí sé in 2008 le titim de 7% sa chéatadán brabús glan.

# Ceist 6

**(A)** Déan measúnú ar an saincheadú (sochair agus rioscaí) **mar ghléas forbartha** don ghnó Pizza**.**

Na sochair/na rioscaí a bhaineann le saincheadú mar ghléas forbartha (measúnú) **don saincheadunoir:**

**Sochair:**

- Is gléas forbartha atá ann óna dteastaíonn, **infheistíocht chaipitil íseal** ón saincheadúnóir mar go dtagann an caipiteal a úsáidtear chun an gnólacht a fhorbairt óna saincheadúnaithe. An-oiriúnach/an-tóir ar mar ghléas forbartha sa timpeallacht eacnamaíochta atá againn i láthair na huaire.

- Ceadaíonn saincheadú **forbairt níos tapa**. Tá an saincheadúnóir in ann líon mór asraonta a bhunú in achar ama réasúnta gearr trí úsáid a bhaint as caipiteal na saincheadúnaithe. Is féidir forbairt thapa a bhaint amach gan forchostais agus costais a bhaineann le hoscailt bialanna atá faoi úinéireacht comhlachta a thabhú.

- Beidh úinéara **níos airí** ná bainisteoir. Is é sin an lárphointe a dhéanann saincheadú níos tarraingtí. I gcás Pizza Marie, is féidir leis an saincheadúnóir_a bheith cinnte go dtabharfaidh an duine atá ag reáchtáil na bialainne 'an oiread aire don ghnó' is a thabharfadh Marie féin. Trí saincheadú bialainne, cuireann an saincheadúnóir forbairt a ghnó/a gnó i lámha na ndaoine atá **inspreagtha** lena dhéanamh rathúil. Tar éis dóibh, i roinnt mhaith cásanna a bhfuil d'airgead acu a infheistiú sa saincheadúnas, beidh iarracht a dhéanamh ag na saincheadúnaithe an bialann a bheith rathúil. Braitheann a slí bheatha ar.

- Tá **buntáiste ag baint le héagsúlacht soláthraithe**. Beidh an saincheadúnóir rathúil in ann beartaíocht a dhéanamh le soláthraithe éagsúla.

- Tá an **toradh ar infheistíocht i bhfad níos airde** don bhialann a fhorbraíonn trí shaincheadúnas. Mar go bhfuil níos lú caipitil in úsáid, tá brabúis an tsaincheadúnóra ginte ó infheistíocht chaipitil atá i bhfad níos ísle. Cé go bhféadfadh ioncam ó bhialanna saincheadaithe a bheith níos ísle ná ioncam ó bhialanna faoi úinéireacht comhlachta, tá céatadán níos airde den ioncam ina bhrabús.

- Tá **níos lú bainistíochta** ag teastáil ó chóras saincheadaithe seachas mar atá ag teastáil ó shraith bialanna atá faoi úinéireacht comhlachta.Is é an saincheadúnóir agus ní an saincheadúnaí a láimhseálann na feidhmeanna ar fad a bhaineann le hearcú, oiliúint, inspreagadh agus coimeád foirne atá inniúil.

- Níl ann ach **riosca íseal** ann don saincheadúnaí mura gcloíonn an saincheadúnóir le coinníollacha an chonartha, d'fhéadfaí é a chur ar ceal.

**Rioscaí:**

- Cailltear **rialúchán** ar bhainistiú lá go lá na ngnólachtaí saincheadaithe.

- D'fhéadfadh tionchar a bheith ar **chlú** an ghnólachta ina iomláine mar gheall ar ghníomhartha aon saincheadúnóir amháin/caighdeáin cháilíochta atá lag/fadhbanna foirne.

- D'fhéadfadh deacracht a bheith ag baint le cothabháil **sláine an bhranda**.

***Samplaí de shaincheadúnais in Éirinn:***

Tá **Supermacs** ar an ngrúpa bialanna mearbhia dúchasach is mó atá in Éirinn agus é do pholasaí acu forbairt agus fás a dhéanamh ar bhonn leanúnach.
Tá 90 stór acu ar fud na hÉireann agus Tuaisceart Éireann anois. Tá éacht déanta ag Pat Mc Donagh (an bunaitheoir) i dtionscal bialainne na hÉireann. Tá foireann iomlán de níos mó ná 2,500 acu. Tá pleananna acu 6 stór nua a oscailt sa bhliain 2010.

**(B) Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhainfeadh "Pizza Marie" as plean gnó a ullmhú.**

- **Airgeadas/Deontais:** Beidh plean gnó ag teastáil le hairgead a fháil ón bhanc nó ó infheisteoirí eile nó ó ngníomhaireachtaí Rialtais. Gan é ní féidir luachmhéadú a dhéanamh go hiomlán ar an ngnólacht amach anseo, ná dá bhrí sin ar rathúlacht an ghnólachta.Ní thabharfaidh aon institiúid airgeadais/ghníomhaireacht rialtais airgead do ghnólacht mura bhfuil siad cinnte go bhfuil seans maith ann gur féidir an infheistíocht a ghnóthú. Riachtanach Deontais a fháil/cáiliú le haghaidh Deontais.

  Déanann an plean gnó margaíocht ar ghnólacht **Pizza Marie** agus spreagtar infheisteoiri ionchasacha.

- **Tomhas Feidhmíocht:** d'fhéadfaí é a úsáid amach anseo le feidhmíocht an ghnólachta i gcomparáid cuspóirí/spriocanna atá leagtha amach sa phlean a thomhas. Trí fháil a bheith ar fhigiúirí réalaíocha féadfar iad a úsáid mar **bhinsemharc nó mar chaighdeán** lenar féidir oibríochtaí agus feidhmíocht an ghnólachta a thomhas i gcomparáid leo.

  Mura bhfuil caighdeáin á mbaint amach ansin d'fhéadfadh **Pizza Marie** feidhmiú leis an bhfadhb a réiteach.

- **Inmharthanacht:** Leagan sé amach céimeanna loighciúil atá stuama, curtha í láthair/leagtha amach go maith agus atá deartha le straitéisí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha araon a fheidhmiú thar thréimhsí ama comhaontaithe, m.sh. cúig bliana, deich mbliana. Déanann sé pleanáil ar an mbealach leis an ngnólacht a fháil go dtí an áit a dteastaíonn uaidh a bheith.

  Trí phleanáil chun cinn beidh ar chumas **Pizza Marie** deacrachtaí a thuar agus céimeanna a thógáil le haghaidh a thabhairt ar na fadhbanna.

**(C) (i) Déan plé ar na tosca ar cheart smaoineamh orthu agus duine ag déanamh rogha idir foinsí éagsúla airgeadais.**

- **Costas:** ba chóir go ndéanfadh an gnólacht iarracht an foinse is saoire airgeadais a fháil. Tá fíorthábhacht ag baint leis an ráta úis. Ba chóir go dtagródh na hiasachtaí ar fad atá á bhfógairt ag na hinstitiúidí airgeadais don **APR**. Ní mór scrúdú géar a dhéanamh ar an **APR** atá ceangailte le gach cineál iasacht airgid nuair atá rogha á dhéanamh.

- **Cuspóir/Comhoiriúnú ceart:** ní mór foinsí airgid a chomhoiriúnú leis na húsáidí, m.sh. níor chóir plean forbartha gnó fadtéarmach a mhaoiniú trí rótharraingt bhainc.Íoctar sócmhainní atá le maireachtáil ar feadh tamaill fhada trí mhaoiniú fadtéarmach. Maoinítear nó íoctar caiteachas ó lá go lá le maoiniú gearrthéarmach.

- **Suim:** níl suimeanna móra airgid le fáil trí roinnt foinsí. D'fhéadfadh sé nach mbeadh solúbthacht i leith suimeanna beaga á thairiscint ag roinnt foinsí airgid.

- **Rialú:** D'fhéadfadh go mbeadh athrú cumhachta i mbord na stiúrthóirí mar thoradh ar eisiúint scaireanna nua i ngnólacht. Ní bheidh aon tionchar ag úsáid iasacht chaipitil ar chearta vótála ach d'fhéadfadh institiúidí airgeadais mar bhanc rialú a dhéanamh ar shócmhainní seasta nó coinníollacha a fhorchur mar chuid den chomhaontú iasachta.

- **Comhthaobhacht:** sula dtugann siad airgeadas is minic go mbíonn urrús á lorg ag iasachtóirí . Cuireann sé sin srian ar an tsaoirse a bhíonn ag an iasachtaí maidir le cad is mian leis a dhéanamh leis na sócmhainní áirithe sin. B'fhéidir nach mbeadh dóthain sócmhainní ag an iasachtaí le tabhairt mar urrús uaireanta, agus d'fhéadfadh sé sin teorainn a chur ar na foinsí airgeadais atá ar fáil.

- **Riosca:** meastar gnólacht le níos lú deis le brabús a dhéanamh ina riosca níos mó an an ghnólacht a bheadh in ann brabús a dhéanamh. Tógann foinsí airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ann (go háirithe foinsí eachtracha) é sin san áireamh agus d'fhéadfadh sé nach dtabharfadh siad airgead ar iasacht do ghnólachtaí faoi riosca níos airde, mar a bhfuil ráthaíocht de chineál éigin ann go bhfaigheadh siad a gcuid airgid ar ais.

- **Stádas an ghnólachta:** Beidh sé níos éasca ag Comhlachtaí Teoranta Príobháid*e*acha (Tta) agus ag Comhlachtaí Teoranta Poiblí (PLC) airgeadas a fháil ná mar a bheadh sé ag trádálaí aonair mar go n-éilítear ar LTDnna agus ar PLCnna eolas airgeadais i bhfad níos mionsonraithe a ullmhú agus a fhoilsiú rud a d'fhéadfadh cuidiú le bainc ó thaobh an próiseas cruinnithe airgid.

- **Infhaighteacht/An ghéarchéim chreidmheasa:** Tá tionchar ag éifeachtaí an ghéarchéim chreidmheasa ar chaidrimh bhaincéireachta ghnó. Tá leachtacht thar a bheith teann faoi láthair, mar go bhfuil bainc ag léiriú faichilleach millteanach. Cé go bhfuil na bainc ag fógairt go bhfuil siad ag feidhmiú mar is gnáth, déarfadh go leor gnólachta atá ag lorg airgeadas nó ag lorg athnuachan ar shaoráidí atá acu cheana nach bhfuil sé sin amhlaidh. D'fhéadfaí níos mó coinníollacha troma a cheangal le hiasachtaí agus d'fhéadfadh níos mó deacrachta a bheith ag baint le hath-idirbheartaíocht a dhéanamh ar shaoráidí atá ann cheana.

## (ii) Déan anailís ar dhá fhoinse chuí airgeadais atá ar fáil chun veain seachadta sa bhreis a fháil do "Pizza Marie".

**Iasacht Mheántéarma**

- Faightear iasacht mheántéarma ar feadh tréimhse de bhliain amháin go cúig bliana
- Ní mór ús a íoc ach bíonn sé in-asbhainteach ó thaobh cánach
- Aisíoctar an iasacht i dtráthchodanna comhaontaithe.
- D'fhéadfadh an banc urrús nó ráthaíochtaí pearsanta a éileamh lena chinntiú go n-aisíoctar an iasacht.

**Léasú**

- Ciallaíonn sé sin ligean ar cíos seachas an tsócmhainn a cheannach.
- Ní bheidh an tsócmhainn i seilbh an ghnólachta go deo.
- Féadfar íocaíochtaí a fhritháireamh in aghaidh cánach.
- Ní éilítear aon urrús.
- Cé go bhfuil costas níos airde ná an ceannachán ar airgead i gceist cuidíonn sé le sreabhadh airgid thirim an ghnólachta.
- D'fhéadfadh rogha a bheith ag an ngnólacht athsholáthar a dhéanamh ar an tsócmhainn má imíonn an tsócmhainn i léig.

**Fruilcheannach**

- Is ionann é sin agus an tsócmhainn a cheannach i dtráthchodanna agus faightear úinéireacht leis ar an íocaíocht dheireanach.
- Tá sé costasach agus tá ráta ard úis i gceist.
- Níl aon urrús riachtanach ach is féidir leis an iasachtóir athshealbhú a dhéanamh ar an tsócmhainn má loictear ar na haisíocaíochtaí
- Níl sé chomh héifeachtúil ó thaobh cánach de is atá léasú.

## Ceist 7

### (A) Déan anailís ar na cúiseanna a ndéanann gnólachtaí Taighde Margaidh

- **Margadh:** cuireann sé eolas ar fáil maidir le méid an mhargaidh agus cibé an bhfuil sé ag fás. Cuireann sé eolas at fáil freisin faoi thréithe an mhargaidh (aois na ndaoine atá ann, a n-ioncam, an áit a bhfuil siad lonnaithe)/tomhaiseann sé glaoch ar ais branda/ aitheantas.

- **Iomaitheoirí:** léiríonn sé eolas faoin iomaíocht sa mhargadh, a gcuid táirgí, a sciar den mhargadh agus a gcuid láidreachtaí agus laigí.

- **Meascán Margaíochta:** cuidíonn sé leis an ngnólacht cinneadh a dhéanamh maidir leis an meascán margaíochta a bheidh in úsáid aige chun a chuid táirgí a dhíol, m.sh. An Táirge, A Phraghas, modh Cur Chun Cinn agus an Áit ina ndíolfar é.

- **Freagairt na dTomhaltóirí:** beidh gnólachtaí in ann na cúiseanna go gceannaíonn tomhaltóirí táirgí áirithe a fháil amach; agus cad a chuireann tionchar ar a n-iompraíocht cheannaigh.

- **Laghdaítear Riosca:** Mar gheall ar thaighde margaidh bíonn sé níos dóichí go n-éireoidh leis an táirge. Laghdaíonn sé an riosca go mbainfeadh an gnólacht úsáid as acmhainní a tháirgeann táirgí, nach dteastaíonn ó thomhaltóirí. Is féidir leis iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí leis an ngnólacht a leathnú agus a fhorbairt le súil le caighdeán agus seirbhís níos fearr a chur ar fáil don chustaiméir.

- **Díolacháin:** Cuidíonn sé le gnólacht maidir leis na díolacháin a d'fhéadfadh a bheith ann á chuid táirgí a oibriú amach.

**(B)Déan measúnú ar "Tionscnamh Díolacháin" agus "Caidreamh Poiblí" mar ghléasanna tionscnaimh.**

Is ionann **Tionscnamh Díolacháin** agus úsáid tionscnaimh gearrthéarmacha/"GIMMICKS" le custaiméirí a mhealladh chuig táirge nó seirbhís atá ar thairiscint.Tá gníomhaíochtaí san áireamh seachas fógraíocht dhíreach.
Cuireann sé le tarraingteacht an táirge. Tá sé úsáideach le díolacháin a spreagadh trí laghduithe praghas a thairiscint do chustaiméirí, ceannaigh táirge amháin agus faigh táirge eile saor in aisce, cúpóin, samplaí, duaiseanna, duaistharraingt saor in aisce, taispeántas sa stór srl, nó dreasachtaí eile a bhaineann go díreach leis an táirge. Tá sé mar aidhm aige tomhaltóirí nua a mhealladh chuig an táirge; luach saothair a thabhairt do tomhaltóirí dílse; agus cur le minicíocht ceannach i measc tomhaltóirí ocáideacha.

Baineann teicnící Tionscnamh Margaíochta le roinnt teagmhála idir an custaimeiri agus an díoltóir. Maireann sé ar feadh achar gearr ama agus is féidir é a dhéanamh arís ag tráth níos déanaí.

Measúnú:
Tóir ar sna hil-mhargaí móra ar nós Tesco, Dunnes, Superquinn le hiarracht a dhéanamh sciar margaidh a ardú mar gheall ar na deacrachtaí eacnamaíochta atá againn i láthair na huaire.

Is ionann **Caidreamh Poiblí** agus céimeanna a thógáil chun **íomhá mhaith** a chruthú don táirge/seirbhís. Tá sé mar aidhm aige poiblíocht fhabhrach a bhaint amach agus cur le híomhá corparáideach maith don ghnólacht. Baineann Caidreamh Poiblí le caidreamh a bhunú leis na geallsealbhóirí poiblí. Níl baint dhíreach aige le díolacháin táirgí a ardú.

Ar na gníomhaíochtaí sin áirítear: preasráitis; preasócáidí; Cláir Theilifíse; scannáin tionscnaimh; urraíocht; litríocht maidir le poiblíocht; deonachán do charthanas.

Féicfidh tú amanna i ngnólachtaí agus iad ag déileáil le saincheisteanna áirithe, go mbeidh urlabhraí acu le teacht amach agus labhairt faoin tsaincheist. Tagraítear don duine sin de ghnáth mar Oifigeach Caidrimh Phoiblí. Féadfaidh Oifigeach Caidrimh Phoiblí (PRO) an ghnólachta féin an ghníomhaíocht a dhéanamh nó is féidir le gníomhaireacht PR speisialaithe é a dhéanamh.

Is féidir le poiblíocht dhiúltach faoi tháirge a bheith ina chrá cró do ghnólachtaí, m.sh. glaoch ar ais carranna, Toyota. Is féidir caillteanas de sciar an mhargaidh a bheidh mar thoradh ar freisin agus go gcaillfeadh custaiméirí muinín i gcaighdeán an táirge/na seirbhíse atá ar thairiscint.

Caidreamh Poiblí: is féidir le caidreamh poiblí a bheith i bhfoirm preaseisiúintí nuair a thugtar eolas faoin gcomhlacht do na meáin. Foirm eile is ea **urraíocht** nuair a íocann gnólachtaí airgead le go mbeadh ainm a dtáirge le feiceáil ar dhaoine aonair, eagraíochtaí nó ag imeachtaí faoi leith, m.sh. An Heineken Cup. (Rugbaí); Vodafone (foirne sinsir peile agus iománaíochta Bhaile Átha Cliath).

Measúnú riachtanach

**(C) Caitheann a lán gnólachtaí suimeanna móra airgid ag forbairt ainm branda. Léirigh na buntáistí a bhronnann an bhrandáil ar an ngnólacht agus ar an tomhaltóir.**

**Buntáistí do ghnólacht:**

- **Margaíocht:** Le hainm branda bíonn sé níos éasca idirdhealú a dhéanamh idir an táirge agus táirgí iomaitheoirí/so-aitheanta láithreach. Is féidir é a úsáid mar uirlis mhargaíochta chun críocha fógraíochta. Tá aithne mhór ar Kelloggs agus tá tionscnaimh difriúla acu le bheith chun tosaigh in intinn tomhaltóirí.
- **Tá Táirgí Nua níos éasca le cur i láthair** má tá aithne mhaith ar an ainm branda cheana féin. Eisítear táirgí difriúla faoi bhranda Kelloggs.
- **Praghsáil:** Tá ainm branda atá aitheanta go maith in ann an praghas is fearr a bhaint amach. Faightear praghsanna níos airde ar bhrandaí Kelloggs ná a fhaightear mar shampla ar lipéid féinbhranda/is féidir na praghsanna is airde a éileamh.
- **Cur le díolacháin:** Cuireann ceannacháin in athuair le díolacháin.
- **Deighilt an Mhargaidh.** Is féidir deighleoga aonair an mhargaidh a aithint agus spriocdhíriú orthu le táirgí difriúla faoin ainm branda, m.sh. Kelloggs Rice Krispies.
- **Dílseacht Chustaiméirí:** Éiríonn custaiméirí dílis do bhranda amháin le himeacht ama agus ní athróidh siad. Is gnáth le tomhaltóirí an branda céanna gránach a ithe gach lá. Ceadaíonn brandáil do chomhlachtaí iad féin a idirdhealú ón lucht iomaíochta, agus iad á dhéanamh sin, nascadh lena gcuid custaiméirí le dílseacht a chruthú. Cruthaítear áit sa mhargadh atá thar a bheith deacair ag a lucht iomaíochta sciobadh. D’fhéadfadh custaiméir atá sásta imeacht. Ach ní dócha go n-imeoidh an custaiméara dílis. Beidh

gaolmhaireachtaí láidre le hóige agus leis an mbaile ag tomhaltóirí a d'fhás suas le gránaigh bhricfeasta Kelloggs.

- **Is féidir ainmneacha branda a chlárú** leis an úinéir a chosaint ionas nach féidir le haon ghnólacht eile an t-ainm a úsáid.
- **D'fhéadfaí táirgí a dhéanamh den bhranda**. Bíonn an oiread sin tóir ar roinnt brandaí le himeacht ama go ndéantar branda de tháirge, m.sh. Google, hoover, biro.

**Buntáistí don chustaiméir:**

- Cuidíonn brandáil leis an gceannaitheoir earraí soláthraí áirithe a **aithint** agus cruthaítear agus déantar **cothabháil ar a gcuid muiníne** i bhfeidhmíocht an bhranda.
- Cuimhníonn tomhaltóirí ar ainmneacha simplí. Tá sé tábhachtach a chinntiú gur féidir an t-ainm a cheangal le luach, tréith, nó staid dhearfach**.** Is maith le tomhaltóirí táirgí atá siad in ann **a cheangal le caighdeáin dearfacha**. Ba iad Callóga Arbhair Kelloggs an t-aon gránach a itheadh ar bord Apollo 11, an chéad turas chun na gealaí.
- Ceadaíonn ceannach agus úsáid brandaí don tomhaltóir/ceannaitheoir **a** riachtanas féinléirithe a chomhlíonadh agus a féiníomhá féin a chur trasna freisin. D'fhéadfadh tomhaltóir/ceannaitheoir a shainmíníonn é féin/í féin mar dhuine atá rathúil agus cumhachtach Mercedes a thiomáint!
- Cuidíonn brandaí le tomhaltóirí/ceannaitheoirí breithiúnas a thabhairt maidir le luach/caighdeán an táirge a thomhas. Is féidir le tionchar a bheith ag tír thionscnaimh ar thomhaltóirí le breithiúnas a dhéanamh cibé an mbaineann luach leis an táirge, m.sh. cumhrán na Fraince, leathar na hIodáile, uaireadóirí Eilvéiseacha.
- Tá curtha ag Kelloggs, in imeacht na mblianta, le roinnt príomhthréithe croíbhranda, a **chuireann béim ar chaighdeán** agus ar bhuntáistí cothaithe a mbeidh baint acu le haon táirge de chuid Kelloggs. Leis na riachtanais a chomhlíonadh beidh muinín ag tomhaltóirí in ainmbhranda Kelloggs, cibé ceann acu sin a roghnaíonn siad. Ar nós baill teaghlaigh, tá an sloinne céanna ar gach gránach, ach tá a thréithe féin agus a láidreachtaí féin ag gach ceann acu. Faoi láthair tá 29 táirge i dteaghlach Kelloggs.